



Uimhir 18 de 2015

AN tACHT CUSTAM, 2015

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Aisghairm agus cúlghairm
4. Cosaint
5. Leanúnachas agus forléiriú tagairtí áirithe don seandlí agus don dlí nua

CUID 2

RIALUITHE CUSTAM

6. Calafóirt agus aerfoirt custam
7. Áiteanna laistigh de chalafoirt custam agus d'aerfoirt custam a cheadú
8. Rialú custam ar ghluaiseacht soithí isteach sa Stát agus amach as
9. Soithí isteach agus amach a thuairisciú
10. Rialú custam ar ghluaiseacht aerárthaí isteach sa Stát agus amach as
11. Aerárthaí isteach agus amach a thuairisciú
12. Daoine agus a gcuid bagáiste a rialú
13. Trácht poist a rialú

CUID 3

CIONTA, PIONÓIS AGUS IMEACHTAÍ

14. Cionta a bhaineann le hearraí a allmhairiú nó a onnmhairiú go míchuí
15. Cionta custam ilghnéitheacha
16. Cionta a thriail go hachomair nó ar d'fótáil
17. Forghéilleadh
18. Fógra urghabhála
19. Fógra éilimh
20. Imeachtaí i leith daoradh ag an gcúirt
21. Imeachtaí i ndáil le cionta
22. Damáistí
23. Toimhdeana agus dualgas cruthúnais
24. Pionóis eile a dhlífear a chur ar dhuine

CUID 4

CUMHACHTAÍ OIFIGEACH CUSTAM

25. Cumhacht chun dul isteach in áiteanna áirithe, iad a iniúchadh agus a phatróláil
26. Cumhacht chun córacha iompair a stopadh
27. Cumhacht chun dul ar bord córacha iompair agus cuardach a dhéanamh orthu
28. Cumhacht chun earraí a scrúdú
29. Cumhacht chun cuardach a dhéanamh ar áitreabh nó ar thalamh
30. Cumhacht chun cuardach a dhéanamh ar dhaoine
31. Cumhachtaí a bhaineann le daoine a bheidh ag teacht isteach sa Stát nó ag imeacht amach as an Stát
32. Cumhacht gabhála
33. Cumhacht chun earraí agus córacha iompair a choinneáil
34. Cumhacht chun earraí agus córacha iompair a urghabháil
35. Cumhacht chun déileáil le hurghabhálacha, roimh dhaoradh agus dá éis

CUID 5

RIARACHÁN

- 36. Dleachtanna custam
- 37. Údaruithe
- 38. Feidhmeanna a fheidmiú
- 39. Rialacháin

CUID 6

OIBLEAGÁIDÍ DE CHUID AE AGUS OIBLEAGÁIDÍ IDIRNÁISIÚNTA

- 40. Pionóis riaracháin mar gheall ar na hAchtanna Custam a shárú
- 41. Coinbhinsiún Napoli II agus Cinneadh CIS
- 42. Rialuithe maidir le hairgead tirim a bheidh ag teacht isteach san Aontas Eorpach nó ag imeacht amach as tríd an Stát
- 43. An Coinbhinsiún ón gComhairle ar imréiteach custam láraithe

CUID 7

ACHOMHAIRC CUSTAM

- 44. Mínithe
- 45. Achomharc chun na gCoimisinéirí
- 46. Achomharc a chinneadh
- 47. Coimisinéirí Achomhairc
- 48. An éifeacht a bheidh ag taisceadh achomhairc ar bhreith lena mbaineann an t-achomharc
- 49. Fógraí agus cinní a sheirbheáil

CUID 8

ILGHNÉITHEACH

- 50. Earraí toirmisceithe nó srianta tráth a n-allmhairithe nó a n-onnmhairithe
- 51. Ús
- 52. Leasú ar alt 1078 (Cionta ioncaim) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

[Uimh. 18.]

An tAcht Custam, 2015

[2015.]

SCEIDEAL 1

AISGHAIM AGUS CÚLGHAIRM

CUID 1

NA hAchtacháin a Aisghairtear

CUID 2

NA hIonstraimí Reachtúla a Chúlghairtear

SCEIDEAL 2

COINBHINSIÚN NA COMHAIRLE UM IMRÉITEACH LÁRAITHE CUSTAIM MAIDIR LE LEITHDHÁILEADH NA
gCOSTAS BAILIÚCHÁN NÁISIÚNTA A CHOINNÍTEAR AGUS ACMHAINNÍ DÍLSE TRADISIÚNTA Á gCUR AR
FÁIL DO BHUISÉAD AN AE

[2015.]

An tAcht Custam, 2015

[*Uimh. 18.*]

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (Uimh. 22)
An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011 (Uimh. 21)
An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 (Uimh. 12)
An tAcht Custum (Leasú), 1942 (Uimh. 21)
Customs (Officers) Act, 1881 (44 & 45 Vict., c.30)
Customs Act, 1849 (12 & 13 Vict., c.90)
An tAcht Custam, 1956 (Uimh. 7)
Na hAchtanna Custam
An tAcht Custam agus Máil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1988 (Uimh. 10)
An tAcht Custam agus Máil (Cúnamh Frithpháirteach), 2001 (Uimh. 2)
Customs and Inland Revenue Act, 1878 (41 & 42 Vict., c.15)
Customs and Inland Revenue Act, 1879 (42 & 43 Vict., c.21)
Customs and Inland Revenue Act, 1883 (46 & 47 Vict., c.10)
Customs Consolidation Act, 1853 (16 & 17 Vict., c.107)
Customs Consolidation Act, 1876 (39 & 40 Vict., c.36)
Customs Consolidation Act, 1876 Amendment Act, 1887 (50 & 51 Vict., c.7)
Customs Tariff Act, 1876 (39 & 40 Vict., c.35)
Customs, Inland Revenue and Savings Banks Act, 1877 (40 & 41 Vict., c.13)
An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 (Uimh. 25)
Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003
An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2008 (Uimh. 25)
Finance Act, 1914 (4 & 5 Geo. 5, c.10)
An tAcht Airgid, 1925 (Uimh. 28)
An tAcht Airgid, 1933 (Uimh. 15)
An tAcht Airgid, 1934 (Uimh. 31)
An tAcht Airgid, 1936 (Uimh. 31)
An tAcht Airgeadais, 1938 (Uimh. 25)
An tAcht Airgeadais, 1940 (Uimh. 14)
An tAcht Airgeadais, 1943 (Uimh. 16)
An tAcht Airgeadais, 1946 (Uimh. 15)
An tAcht Airgeadais, 1952 (Uimh. 14)
An tAcht Airgeadais, 1963 (Uimh. 23)
An tAcht Airgeadais, 1967 (Uimh. 17)
An tAcht Airgeadais, 1969 (Uimh. 21)
An tAcht Airgeadais, 1971 (Uimh. 23)
An tAcht Airgeadais, 1974 (Uimh. 27)
An tAcht Airgeadais, 1976 (Uimh. 16)
An tAcht Airgeadais, 1978 (Uimh. 21)
An tAcht Airgeadais, 1983 (Uimh. 15)
An tAcht Airgeadais, 1992 (Uimh. 9)
An tAcht Airgeadais, 1997 (Uimh. 22)
An tAcht Airgeadais, 2001 (Uimh. 7)
An tAcht Airgeadais, 2003 (Uimh. 3)
An tAcht Airgeadais, 2007 (Uimh. 11)
An tAcht Airgeadais, 2010 (Uimh. 5)
An tAcht Airgeadais, 2011 (Uimh. 6)
Na hAchtanna Cánach Ioncaim

An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)
Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 (Uimh. 25)
An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 (Uimh. 12)
Acht na nAltraí, 1985 (Uimh. 18)
Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011 (Uimh. 41)
Petty Sessions Ireland Act, 1851 (14 & 15 Vict., c.93)
Post Office (Parcels) Act, 1882 (45 & 46 Vict., c.74)
Probation of Offenders Act, 1907 (7 Edw. 7, c. 17)
Revenue Act, 1883 (46 & 47 Vict., c.55)
Revenue Act, 1884 (47 & 48 Vict., c.62)
Revenue Act, 1889 (52 & 53 Vict., c.42)
Revenue Act, 1898 (61 & 62 Vict., c.46)
Revenue Act, 1909 (9 Edw. 7, c.43)
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24)
An tAcht Iascaigh Mhara agus Dlíne Muirí, 2006 (Uimh. 8)
Smuggling Act, 1805 (45 Geo. 3, c.121)
Smuggling Act, 1807 (47 Geo. 3 sess. 2, c.66)
Smuggling Act, 1808 (48 Geo. 3, c.84)
Smuggling Act, 1809 (49 Geo. 3, c.62)
Smuggling Act, 1819 (59 Geo. 3, c.121)
Smuggling Act, 1822 (3 Geo. 4, c.110)
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)



Uimhir 18 de 2015

AN tACHT CUSTAM, 2015

[An tiontú oifigiúil]

Acht d'athmheas agus do chomhdhlúthú go páirteach an dlí a bhaineann le custaim; d'aisghairm an *Customs Consolidation Act*, 1876 agus achtacháin áirithe eile; do dhéanamh socrú i dtaca le Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 an 12 Deireadh Fómhair 1992 ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custam an Chomhphobail; do thabhairt éifeacht leanúnach don Choinbhinsiún um Chomhar Custam arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le cúnaimh frithpháirteach agus comhar idir riaracháin chustam, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 18 Nollaig 1997 (Coinbhinsiún Napoli II); do thabhairt éifeacht don Choinbhinsiún ón gComhairle ar imréiteach custam láraithe maidir le leithdháileadh na gcostas bailiúcháin náisiúnta a choinnítear agus acmhainní dílse traidisiúnta á gcur ar fáil do bhuiséad an AE, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 10 Márta 2009; do thabhairt éifeacht do Chinneadh 2009/917/JHA an 30 Samhain 2009 ón gComhairle maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críocha custam (Cinneadh CIS); agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[18 Meitheamh 2015]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht Custam, 2015 a ghairm den Acht seo.
- (2) Déanfar na hAchtanna Custam agus an tAcht seo a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin.
- (3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críocha éagsúla nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- (4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (3)*, féadfar, le hordú nó le horduithe faoin bhfo-alt sin, laethanta éagsúla a cheapadh maidir le teacht i ngníomh *alt 3* chun éifeacht a thabhairt don aisghairm nó don chúlghairm dá bhforáiltear leis an alt sin—

(a) ar achtachán a shonraítear i gCuid 1 nó i gCuid 2 de *Sceideal 1*, ar laethanta éagsúla chun críocha éagsúla; nó

(b) ar fhorálacha éagsúla d’achtachán a shonraítear i gCuid 1 nó i gCuid 2 de *Sceideal 1*, ar laethanta éagsúla.

Léiriú

2. (1) San Acht seo—

ciallaíonn “údaraithe nó díolmhaithe” údaraithe nó díolmhaithe ag na Coimisinéirí;

tá le “crios tadhlaigh an Stáit” an bhrí chéanna atá leis in alt 84 den Acht Iascaigh Mhara agus Dlíne Muirí, 2006;

tá le “druga rialaithe” an bhrí chéanna atá leis in alt 2 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977;

ciallaíonn “Coimisinéirí” na Coimisinéirí Ioncaim;

tá le “coimeádán” an bhrí chéanna atá leis sa Choinbhinsiún Custaim maidir le Coimeádáin a rinneadh sa Ghinéiv an 2 Nollaig 1972;

folaíonn “sárú”, i ndáil le haon fhoráil, mainneachtain an fhoráil sin a chomhlíonadh;

tá le “post trasteorann” agus “postphaicéid” na bríonna a shanntar dóibh, faoi seach, le halt 6 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011;

ciallaíonn “Cód Custam” Cód Custam an Chomhphobail arna bhunú le Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 an 12 Deireadh Fómhair, 1992 ón gComhairle¹, arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1791/2006 an 20 Samhain 2006 ón gComhairle², mar aon le Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 an 2 Iúil 1993 ón gCoimisiún³, arna leasú go deireanach le Rialachán Forfheidhmiúcháin (AE) Uimh. 174/2014 an 25 Feabhra 2014 ón gCoimisiún⁴;

ciallaíonn “cóir iompair” aon soitheach, aerárthach, feithicil nó modh eile iompair a úsáidtear chun earraí nó paisinéirí a iompar;

ciallaíonn “aerfort custam” aerfort arna cheapadh faoi alt 6;

ciallaíonn “calafort custam” calafort arna cheapadh faoi alt 6;

tá le “dleachtanna custam” an bhrí chéanna atá le “dleachtanna ar allmhairí” nó “dleachtanna ar onnmhairí”, de réir mar a bheidh, sa Chód Custam;

ciallaíonn “achtachán”—

(a) Acht den Oireachtas,

(b) reacht a bhí i bhfeidhm i Saorstát Éireann díreach roimh theacht i ngníomh an Bhunreacht agus a leanann de bheith i bhfeidhm de bhua Airteagal 50 den Bhunreacht,

(c) ionstraim arna déanamh—

¹I.O. Uimh. L302, 19.10.1992, lch.1

²I.O. Uimh. L363, 20.12.2006, lch.1

³I.O. Uimh. L253, 11.10.1993, lch.1

⁴I.O. Uimh. L056, 26.02.2014, lch.1

(i) faoi Acht den Oireachtas, nó

(ii) faoi reacht dá dtagraítear i *mír (b)*, nó

(d) aon reachtaíocht de chuid institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm de thuras na huairé;

ciallaíonn “onnmhairiú” aon earraí a onnmhairiú nó a aistriú ón Stát go dtí áit lasmuigh den Stát;

folaíonn “earraí” nithe de gach sórt, beo nó neamhbheo;

ciallaíonn “earraí atá faoi réir aon toirmeasc nó srian ar a n-allmhairiú” earraí a bhfuil a n-allmhairiú toirmisceithe nó srianta le haon reachtaíocht náisiúnta nó le haon reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm de thuras na huairé;

ciallaíonn “earraí atá faoi réir aon toirmeasc nó srian ar a n-onnmhairiú” earraí a bhfuil a n-onnmhairiú toirmisceithe nó srianta le haon reachtaíocht náisiúnta nó le haon reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm de thuras na huairé;

ciallaíonn “allmhairiú” aon earraí a allmhairiú nó a thabhairt isteach sa Stát ó lasmuigh den Stát;

folaíonn “tuirling”, i ndáil le haerárthaí, tuirlingt ar uisce;

ciallaíonn “tírtheorainn” an tírtheorainn idir an Stát agus Tuaisceart Éireann;

ciallaíonn “máistir”, i ndáil le soitheach, an duine atá i gceannas nó i bhfeighil an tsoithigh nó atá ag dul i gceannas nó i bhfeighil an tsoithigh, ach ní fholáíonn sé píolóta ar an soitheach sin;

ciallaíonn “Aire” an tAire Airgeadais;

ciallaíonn “oifigeach custam” oifigeach de chuid na gCoimisinéirí atá údaraithe acu faoi *alt 37* chun bheith ina oifigeach custam nó ina hoifigeach custam, agus foláíonn sé—

(a) oifigeach de chuid na gCoimisinéirí, nach bhfuil údaraithe amhlaidh,

(b) comhalta den Gharda Síochána, nó

(c) comhalta d’Óglaigh na hÉireann,

atá fostaithe de thuras na huairé ar aon dualgas nó seirbhís a bhaineann le custaim;

ciallaíonn “píolóta i gceannas”, i ndáil le haerárthach, an duine atá i gceannas nó i bhfeighil an aerárthaigh nó atá ag dul i gceannas nó i bhfeighil an aerárthaigh le linn am eitilte;

ciallaíonn “áit” áit nó spás nó cuid d’áit nó de spás;

ciallaíonn “taifid” aon leabhair, aon chuntais, aon doiciméid nó aon fhaisnéis thaifeadta eile lena n-áirítear faisnéis arna taifeadadh go leictreonach nó i bhfoirm neamh-inléite eile;

ciallaíonn “rialacháin” rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 39*;

ciallaíonn “achtacháin aisghairthe” na hachtacháin a aisghairtear nó a chúlghairtear le *halt 3*;

ciallaíonn “feithicil” feithicil inneallghluaiste (de réir bhrí an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 1961) nó aon chóir iompair eile seachas soitheach nó aerárthach, agus folaíonn sé aon choimeádán, leantóir, umar nó aon rud eile—

(a) a úsáidtear nó a fhéadfar a úsáid chun earraí a stóráil i gcúrsa a n-iompair, agus

(b) atá deartha nó déanta lena chur ar aon fheithicil nó cóir iompair eile den sórt sin nó inti nó lena cheangal di;

ciallaíonn “soitheach” aon long, aon bhád, aon lictéar, aon bháirse nó ártach snámha de chineál ar bith agus folaíonn sé sciorráthach.

(2) Tá le focal nó le habairt a úsáidtear san Acht seo agus a úsáidtear freisin sa Chód Custam an bhrí chéanna san Acht seo atá leis nó léi sa Chód sin.

(3) San Acht seo agus i ngach Acht eile den Oireachtas (cibé acu arna rith roimh an Acht seo nó dá éis), ciallaíonn “Achtanna Custam” an tAcht seo agus gach achtachán eile a bhaineann le custaim agus folaíonn sé an Cód Custam agus aon chinneadh ó institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh a bhaineann le custaim agus atá ina cheangal ar an Stát.

Aisghairm agus cúlghairm

3. (1) Déantar na hachtacháin a shonraítear i *gCuid 1* de *Sceideal 1* a aisghairm a mhéid a shonraítear i gcolún (4) den Chuid sin.

(2) Déantar na hionstraimí reachtúla a shonraítear i *gCuid 2* de *Sceideal 1* a chúlghairm a mhéid a shonraítear i gcolún (4) den Chuid sin.

Cosaint

4. Má oibríonn foráil den Acht seo, agus a mhéid a oibríonn sí, amhail ar an agus ón lá a cheaptar faoi *alt 1*, in ionad foráil de na hachtacháin aisghairthe, déanfar aon ordú nó rialachán a rinneadh faoin bhforáil ionadaithe nó a bhfuil éifeacht leis amhail is dá mba faoin bhforáil ionadaithe a rinneadh é, agus aon ní a rinneadh faoin bhforáil ionadaithe nó a bhfuil éifeacht leis amhail is dá mba faoin bhforáil ionadaithe a rinneadh é, roimh an lá sin a áireamh, amhail ar an agus ón lá sin, amhail is dá mba ordú nó rialachán nó ní é arna dhéanamh faoin bhforáil den Acht seo a oibríonn amhlaidh.

Leanúnachas agus forléiriú tagairtí áirithe don seandlí agus don dlí nua

5. (1) Beidh ag na Coimisinéirí na dlínsí, na cumhachtaí agus na dualgais go léir i ndáil le custaim faoin Acht seo a bhí acu roimh an Acht seo a rith.

(2) Ní dhéanfaidh sé difear do leanúnachas oibriú an dlí a bhaineann le custaim an tAcht seo a bheith á chur in ionad na n-achtachán aisghairthe.

(3) Maidir le haon tagairt, cibé acu sainráite nó intuigthe, in aon achtachán nó doiciméad (lena n-áirítear an tAcht seo agus aon Acht arna leasú leis an Acht seo)—

(a) d’aon fhoráil den Acht seo, nó

- (b) do nithe a rinneadh nó a bhí le déanamh faoi aon fhoráil nó chun críocha aon fhoráil den Acht seo,

forléireofar í, má cheadaíonn agus a mhéid a cheadaíonn cineál na tagartha é, mar thagairt a fholaíonn, i ndáil leis na tráthanna, na himthosca nó na críocha a raibh nó a mbíodh feidhm ag an bhforáil chomhréire sna hachtacháin aisghairthe i ndáil leo, tagairt don fhoráil chomhréire sin, nó, de réir mar a bheidh, tagairt do nithe a rinneadh nó a bhí le déanamh faoin bhforáil chomhréire sin nó chun críocha na forála comhréire sin.

- (4) Aon tagairt, cibé acu sainráite nó intuigthe, in aon achtachán nó doiciméad (lena n-áirítear na hachtacháin aisghairthe agus achtacháin a rithfear agus doiciméid a dhéanfar tar éis an tAcht seo a rith)—

- (a) d'aon fhoráil de na hachtacháin aisghairthe, nó

- (b) do nithe a rinneadh nó a bhí le déanamh faoi aon fhoráil nó chun críocha aon fhoráil de na hachtacháin aisghairthe,

forléireofar í, má cheadaíonn agus a mhéid a cheadaíonn cineál na tagartha é, mar thagairt a fholaíonn, i ndáil leis na tráthanna, na himthosca nó na críocha a bhfuil feidhm ag an bhforáil chomhréire den Acht seo i ndáil leo, tagairt don fhoráil chomhréire sin, nó, de réir mar a bheidh, do nithe a rinneadh nó a bhí le déanamh faoin bhforáil chomhréire sin nó chun críocha na forála comhréire sin.

- (5) Na hionstraimí, na doiciméid, na húdaruithe, na ceapacháin, na ceaduithe agus na hordacháin go léir a rinneadh nó a eisíodh faoi na hachtacháin aisghairthe agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme na forála seo, leanfaidh siad de bheith i bhfeidhm amháin is dá mba faoin Acht seo a rinneadh nó a eisíodh iad.

- (6) Aon oifigeach de chuid na gCoimisinéirí a bheidh arna cheapadh nó arna ceapadh nó arna údarú nó arna húdarú acu chun bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach Custam agus Máil, measfar, ó dháta rite an Achta seo, é nó í a bheith údaráithe chun bheith ina oifigeach custam nó ina hoifigeach custam.

- (7) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite, gach lua i dtaobh oifigeach Custam agus Máil nó tagairt d'oifigeach Custam agus Máil atá in aon achtachán, forléireofar é nó í agus beidh éifeacht leis nó léi, chun críocha na nAchtanna Custam nó aon achtachán eile, ó dháta rite an Achta seo, mar lua i dtaobh oifigeach custam nó mar thagairt d'oifigeach custam.

- (8) Na hoifigigh go léir de chuid na gCoimisinéirí a bhí, díreach roimh thosach feidhme na forála seo, arna n-údarú nó arna n-ainmniú chun críocha aon fhoráil de na hachtacháin aisghairthe, measfar iad a bheith údaráithe nó ainmnithe, de réir mar a bheidh, le haghaidh na forála comhréire den Acht seo.

- (9) Aon fhoráil de na hachtacháin aisghairthe lena bhforchuirtear fíneáil, forghéilleadh, pionós nó pionósú mar gheall ar aon ghníomh nó neamhghníomh, leanfaidh sí, i ndáil le haon ghníomh nó neamhghníomh a tharla nó a thosaigh roimh aisghairm na forála sin leis an Acht seo, d'fheidhm a bheith aici in ionad na forála den Acht seo dá bhfreagraíonn sí.

- (10) Ní dochar an t-alt seo do ghinearáltacht an Achta Léiriúcháin, 2005 agus, go háirithe, alt 27 den Acht sin.

CUID 2

RIALUITHE CUSTAM

Calafóirt agus aerfoirt custam

6. (1) Chun críocha na nAchtanna Custam, féadfaidh na Coimisinéirí, i gcomhairle leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, faoi réir cibé coinníollacha nó srianta a chinnfidh siad, aon áit sa Stát a cheapadh mar chalafort custam nó mar aerfort custam.
- (2) Seachas i gcás dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, ainmneofar aerfort custam arna cheapadh faoi *fho-alt (1)* mar aerfort custam de Chineál I.
- (3) I gcás go mbeidh aerfort custam arna cheapadh faoi *fho-alt (1)*—
- (a) faoi réir ceanglas fógra roimh ré a thabhairt d'oifigigh custam i ndáil le haerárthach a bheith ag teacht go dtí an t-aerfort custam ó lasmuigh den Stát,
- (b) faoi réir srian maidir leis an am ar a bhféadfaidh aerárthach teacht go dtí an t-aerfort custam ó lasmuigh den Stát, nó
- (c) faoi réir srian maidir leis na suímh lasmuigh den Stát óna bhféadfaidh aerárthach teacht go dtí an t-aerfort custam,

ainmneofar an t-aerfort mar aerfort custam de Chineál II.

- (4) Féadfaidh na Coimisinéirí ceapachán arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)* a leasú nó a chúlghairm nó coinníoll nó srian a raibh sé faoina réir a leasú nó a chúlghairm.
- (5) Maidir le ceapachán mar chalafort custam nó mar aerfort custam, arna dhéanamh faoi aon achtachán, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige agus d'éifeacht a bheith leis amhail is dá mba faoin alt seo a rinneadh é, go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta rite an Achta seo, agus tá feidhm dá réir sin ag *fo-alt (4)*.

Áiteanna laistigh de chalafóirt custam agus d'aerfoirt custam a cheadú

7. (1) Féadfaidh na Coimisinéirí, i gcomhairle leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, maidir le haon chalafort custam nó aerfort custam, áit ag an gcalafort sin nó ag an aerfort sin a cheadú ar feadh cibé tréimhsí agus faoi réir cibé coinníollacha nó srianta a chinnfidh siad—
- (a) chun soithí nó aerárthaí a chalú, a thabhairt i dtír, a fheistiú agus a chur ar ancaire agus le haghaidh teacht agus imeacht soithí nó aerárthaí,
- (b) chun paisinéirí, foireann agus a gcuid bagáiste a ghlacadh ar bord nó a chur i dtír, nó
- (c) chun earraí, stórais agus córacha iompair a luchtú agus a dhífluchtú.
- (2) Féadfaidh na Coimisinéirí ceadú arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)* a leasú nó a chúlghairm nó coinníoll nó srian a raibh sé faoina réir a leasú nó a chúlghairm.
- (3) Maidir leis an gceadú arna dhéanamh faoi aon achtachán i leith áite chun na gcríoch a luaitear i *bhfo-alt (1)*, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige agus d'éifeacht a bheith

leis amhail is dá mba faoin alt seo a rinneadh é go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta rite an Achta seo, agus tá feidhm dá réir sin ag *fo-alt (2)*.

- (4) Déanfaidh oibritheoir aerfoirt custam arna cheapadh faoi *alt 6(1)* agus áititheoir aon áite arna ceadú faoi *fho-alt (1)* ag calafort custam nó ag aerfort custam, má cheanglaíonn na Coimisinéirí orthu é, cibé cóiríocht oifige agus saoráidí eile a bheidh réasúnach agus comhréireach a sholáthar agus a chothabháil ag an gcalafort sin nó ag an aerfort sin don fhoireann custam de réir mar is cuí.

Rialú custam ar ghluaiseacht soithí isteach sa Stát agus amach as

8. (1) Cinnteoidh máistir soithigh a bheidh ag teacht isteach sa Stát, mura mbeidh an soitheach údaraithe nó díolmhaithe thairis sin, go gcalófar an soitheach, go rachaidh sé i dtír, go bhfeisteofar é nó go gcuirfear ar ancaire é in áit, nó go sroichfidh sé áit, arna ceadú faoi *alt 7(1)(a)* agus go ndéanfar na paisinéirí, an fhoireann, an bagáiste, na córacha iompair, na hearraí agus na stórais go léir a chur i dtír nó a dhíluchtú in áit arna ceadú faoi *alt 7(1)(b)* nó *(c)*, de réir mar is cuí.
- (2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le máistir soithigh, ar soitheach é atá faoi oibleagáid de réir dlí nó a bhfuil ceanglas eile air a bhaineann le loingseoireacht, nó nach mór, de dheasca tionóisce, drochaimsire, nó cúis dhosheachanta eile—
- (a) é a chalú, a thabhairt i dtír, a fheistiú nó a chur ar ancaire in áit, nó áit a shroicheadh, seachas áit arna ceadú faoi *alt 7(1)(a)*, nó
- (b) na paisinéirí nó an fhoireann a chur i dtír, nó an bagáiste, na córacha iompair, na hearraí nó na stórais a thabhairt i dtír, in áit seachas áit arna ceadú faoi *alt 7(1)(b)* nó *(c)*, de réir mar is cuí.
- (3) Cinnteoidh máistir soithigh a bheidh ag imeacht as an Stát, mura mbeidh an soitheach údaraithe nó díolmhaithe thairis sin, go n-imeoidh an soitheach as áit arna ceadú faoi *alt 7(1)(a)* agus nach ndéanfar na paisinéirí, an fhoireann, an bagáiste, na córacha iompair, na hearraí agus na stórais go léir a ghlacadh ar bord ná a luchtú ach amháin in áit arna ceadú faoi *alt 7(1)(b)* nó *(c)*, de réir mar is cuí.
- (4) Ní dhéanfaidh máistir soithigh a bheidh ag imeacht go dtí áit lasmuigh den Stát ó áit arna ceadú faoi *alt 7(1)(a)*, tar éis dó imeacht, a chur faoi deara an soitheach a chalú, a fheistiú ná a chur ar ancaire in áit, ná a thabhairt i dtír in áit ná áit a shroicheadh thairis sin, sa Stát seachas áit arna ceadú faoi *alt 7(1)(a)* ná ní cheadóidh sé nó sí an céanna, mura mbeidh an soitheach faoi oibleagáid de réir dlí nó mura mbeidh ceanglas eile air a bhaineann le loingseoireacht, nó mura rud é nach mór, de dheasca tionóisce, drochaimsire nó cúis dhosheachanta eile, é a chalú, a thabhairt i dtír, a fheistiú nó a chur ar ancaire san áit eile sin nó an áit eile sin a shroicheadh.
- (5) Déanfaidh máistir soithigh dá dtagraítear i *bhfo-ailt (2)* agus *(4)* agus a chalófar, a thabharfar i dtír, a fheisteofar nó a chuirfear ar ancaire nó a shroichfidh thairis sin áit sa Stát seachas áit arna ceadú faoi *alt 7(1)(a)*—
- (a) fógra a thabhairt d'oifigeach custam i dtaobh an soitheach a chalú, a thabhairt i dtír, a fheistiú nó a chur ar ancaire nó an áit a shroicheadh, agus
- (b) aon ordacháin a thabharfaidh an t-oifigeach sin i dtaobh an tsoithigh, na bpaisinéirí, na foirme, an bhagáiste, na gcóiríocht iompair, na n-earraí nó na stórais atá á n-iompar a chomhlíonadh.

(6) Tabharfar an fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)* laistigh de cibé tréimhse ama agus i cibé foirm agus ar cibé modh a chinnfidh na Coimisinéirí.

(7) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1), (3), (4), (5)* nó *(6)*, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil €5,000 a chur air nó uirthi.

Soithí isteach agus amach a thuairisciú

9. (1) Déanfaidh máistir soithigh, cibé acu ualaithe nó faoi bhallasta, a bheidh ag teacht isteach sa Stát—

(a) faoi réir agus de réir rialacháin faoi *fho-alt (3)*, tuarascáil faoin soitheach a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí nó a chur faoi deara tuarascáil faoin soitheach a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí, agus

(b) freagra a thabhairt ar gach ceist maidir leis an turas, leis an soitheach, leis na paisinéirí, leis an bhfoireann, leis an mbagáiste, leis na córacha iompair agus leis na hearraí nó na stórais atá á n-iompar ar bord, a chuirfidh oifigeach custam air nó uirthi.

(2) Déanfaidh máistir soithigh, cibé acu ualaithe nó faoi bhallasta, a bheidh ag imeacht as an Stát—

(a) faoi réir agus de réir rialacháin faoi *fho-alt (3)*, tuarascáil faoin soitheach a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí nó a chur faoi deara tuarascáil faoin soitheach a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí, agus

(b) freagra a thabhairt ar gach ceist maidir leis an turas, leis an soitheach, leis na paisinéirí, leis an bhfoireann, leis an mbagáiste, leis na córacha iompair agus leis na hearraí nó na stórais atá á n-iompar ar bord, a chuirfidh oifigeach custam air nó uirthi.

(3) Féadfaidh na Coimisinéirí rialacháin a dhéanamh chun críocha *fho-ailt (1)* agus *(2)* ina sonrú—

(a) na himthosca ina gceanglófar tuarascálacha a chur faoina mbráid agus féadfaidh siad ceanglais éagsúla maidir le tuairisciú a shonrú le haghaidh cineálacha éagsúla agus aicmí éagsúla soithigh, agus le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla,

(b) an áit agus an tréimhse ama chun na tuarascálacha sin a chur faoina mbráid, agus

(c) foirm, modh agus sonraí na dtuarascálacha sin.

(4) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* nó *(2)*, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil €5,000 a chur air nó uirthi.

Rialú custam ar ghluaiseacht aerárthaí isteach sa Stát agus amach as

10. (1) Ní dhéanfaidh an píolóta i gceannas ar aerárthach a bheidh ag teacht isteach sa Stát, mura mbeidh an t-aerárthach údaraithe nó díolmhaithe thairis sin—

(a) den chéad uair tar éis don aerárthach teacht isteach sa Stát, nó

- (b) aon tráth le linn don aerárthach paisinéirí, foireann, bagáiste, córacha iompair, earraí nó stórais arna dtabhairt san aerárthach sin ó áit lasmuigh den Stát agus nach mbeidh imréitithe fós ag oifigh custam sa Stát a iompar,

a chur faoi deara go dtuirlingeoidh an t-aerárthach in aon áit seachas aerfort custam ná a cheadú dó tuirlingt in aon áit seachas aerfort custam.

- (2) Ní dhéanfaidh an píolóta i gceannas ar aerárthach a bheidh ag imeacht as an Stát, mura mbeidh an t-aerárthach údaraithe nó díolmhaithe thairis sin, a chur faoi deara go n-imeoidh an t-aerárthach as aon áit seachas aerfort custam ná a cheadú dó imeacht as aon áit seachas aerfort custam.
- (3) I dteannta cheanglais *fo-ailt (1)* agus (2), maidir le haon tuirlingt ag aerfort custam nó aon imeacht as aerfort custam, comhlíonfar na coinníollacha nó na srianta a ghabhann le ceapachán an aerfoirt sin mar aerfort custam.
- (4) Cinnteoidh an píolóta i gceannas ar aerárthach, is aerárthach lena mbaineann *fo-alt (1)*, mura mbeidh an t-aerárthach údaraithe nó díolmhaithe thairis sin, nach ndéanfar na paisinéirí, an fhoireann, an bagáiste, na córacha iompair, na hearraí agus na stórais go léir a chur i dtír ná a dhíluchtú ach amháin in áit arna ceadú faoi *alt 7(1)(b)* nó (c), de réir mar is cuí.
- (5) Cinnteoidh an píolóta i gceannas ar aerárthach, is aerárthach lena mbaineann *fo-alt (2)*, mura mbeidh an t-aerárthach údaraithe nó díolmhaithe thairis sin, nach ndéanfar na paisinéirí, an fhoireann, an bagáiste, na córacha iompair, na hearraí agus na stórais go léir a ghlacadh ar bord ná a luchtú ach amháin in áit a cheadáítear faoi *alt 7(1)(b)* nó (c), de réir mar is cuí.
- (6) Níl feidhm ag *fo-ailt (1)*, (3) agus (4) maidir leis an bpíolóta i gceannas ar aerárthach, is aerárthach atá faoi cheanglas de réir dlí nó a bhfuil ceanglas eile air a bhaineann le heitlíocht, nó nach mór dó, de dheasca tionóisce, drochaimsire nó cúis dhosheachanta eile—
- (a) tuirlingt in áit seachas aerfort custam, nó
- (b) na paisinéirí nó an fhoireann a chur i dtír, nó an bagáiste, na córacha iompair, na hearraí agus na stórais a thabhairt i dtír, in áit seachas áit arna ceadú faoi *alt 7(1)(b)* nó (c), de réir mar is cuí.
- (7) Ní dhéanfaidh an píolóta i gceannas ar aerárthach, is aerárthach a bheidh ag imeacht go dtí áit lasmuigh den Stát, tar éis don aerárthach imeacht, a chur faoi deara go dtuirlingeoidh an t-aerárthach in áit sa Stát seachas aerfort custam ná ní cheadóidh sé nó sí an céanna, mura gceanglaítear ar an aerárthach de réir dlí nó le ceanglas eile a bhaineann le heitlíocht, nó mura mór dó, de dheasca tionóisce, drochaimsire nó cúis dhosheachanta eile, tuirlingt san áit eile sin.
- (8) Déanfaidh an píolóta i gceannas ar aerárthach dá dtagraítear i *bhfo-ailt (6)* agus (7) agus a thuirlingeoidh san áit sa Stát seachas aerfort custam—
- (a) fógra a thabhairt d'oifigeach custam i dtaobh thuirlingt an aerárthaigh, agus
- (b) aon ordacháin a thabharfaidh an t-oifigeach sin i dtaobh an aerárthaigh, ná bpaisinéirí, na foirne, an bhagáiste, na gcóiracha iompair, na n-earraí nó na stóras a bheidh á n-iompar a chomhlíonadh.

- (9) Más rud é, maidir le haerárthach a bheidh ag teacht isteach sa Stát nó ag imeacht as, go dtuirlingeoidh sé ag aerfort custam nó go n-imeoidh sé as aerfort custam de shárú ar na coinníollacha nó na srianta a ghabhann le ceapachán an aerfoirt sin, tabharfaidh an ceadúnaí nó an duine a bheidh i bhfeighil an aerfoirt sin fógra don oifigeach custam iomchuí i dtaobh na tuirlingthe nó na himeachta sin.
- (10) Déanfar an fógra dá dtagraítear i *bhfo-ailt* (8) agus (9) a thabhairt laistigh de cibé tréimhse agus i cibé foirm agus ar cibé modh a chinnfidh na Coimisinéirí.
- (11) Aon duine a sháróidh *fo-alt* (1), (2), (3), (4), (5), (7), (8), (9) nó (10), déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil €5,000 a chur air nó uirthi.

Aerárthaí isteach agus amach a thuairisciú

11. (1) Déanfaidh an píolóta i gceannas ar aerárthach a bheidh ag teacht isteach sa Stát—

- (a) faoi réir agus de réir rialacháin faoi *fho-alt* (3), tuarascáil faoin aerárthach a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí nó a chur faoi deara tuarascáil faoin aerárthach a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí, agus
- (b) freagra a thabhairt ar gach ceist maidir leis an eitilt, leis an aerárthach, leis na paisinéirí, leis an bhfoireann, leis a mbagáiste, leis an córacha iompair agus leis na hearraí nó na stórais a bheidh á n-iompar ar bord, a chuirfidh oifigeach custam air nó uirthi.

(2) Déanfaidh an píolóta i gceannas ar aerárthach a bheidh ag imeacht as an Stát—

- (a) faoi réir agus de réir rialacháin faoi *fho-alt* (3), tuarascáil faoin aerárthach a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí nó a chur faoi deara tuarascáil faoin aerárthach a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí, agus
- (b) freagra a thabhairt ar gach ceist maidir leis an eitilt, leis an aerárthach, leis na paisinéirí, leis an bhfoireann, leis an mbagáiste, leis na córacha iompair agus leis na hearraí nó na stórais a bheidh á n-iompar ar bord, a chuirfidh oifigeach custam air nó uirthi.

(3) Féadfaidh na Coimisinéirí rialacháin a dhéanamh chun críocha *fho-ailt* (1) agus (2) ina sonrú—

- (a) na himthosca ina gceanglófar tuarascálacha a chur faoina mbráid agus féadfaidh siad ceanglais éagsúla maidir le tuairisciú a shonrú le haghaidh cineálacha éagsúla agus aicmí éagsúla aerárthaí, agus le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla,
- (b) an áit agus an tréimhse ama chun na tuarascálacha sin a chur faoina mbráid, agus
- (c) foirm, modh agus sonraí na dtuarascálacha sin.

(4) Aon duine a sháróidh *fo-alt* (1) nó (2), déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil €5,000 a chur air nó uirthi.

Daoine agus a gcuid bagáiste a rialú

12. (1) Aon duine a bheidh ag teacht isteach sa Stát nó ag imeacht as—

- (a) i cibé áit a ainmneoidh na Coimisinéirí agus ar cibé modh a chinnfidh na Coimisinéirí, dearbhóidh sé nó sí d'oifigeach custam aon earraí a bheidh ina bhagáiste nó ina bagáiste nó a bheidh tugtha leis aige nó tugtha léi aici, a ndlitear aon dleacht nó cáin orthu, nó a bheidh faoi réir aon toirmeasc nó srian ar a n-allmhairiú nó a n-onnmhairiú,
 - (b) tabharfaidh sé nó sí freagra ar cibé ceisteanna a chuirfidh oifigeach custam air nó uirthi, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar don oifigeach le *halt 31*—
 - (i) maidir le teacht nó le himeacht an duine,
 - (ii) maidir le céannacht an duine, lena ghnátháit chónaithe nó lena gnátháit chónaithe agus lena sheoladh nó lena seoladh iarbhír nó beartaithe laistigh den Stát,
 - (iii) maidir le bagáiste an duine, agus
 - (iv) maidir le haon rud a bheidh sa bhagáiste sin nó á thabhairt leis nó léi ag an duine sin ar cibé slí ar bith,
 - (c) má cheanglaíonn an t-oifigeach sin air nó uirthi déanamh amhlaidh, déanfaidh sé nó sí an bagáiste sin agus aon rud den sórt sin a thabhairt ar aird agus a dhíphacáil lena scrúdú, agus a athphacáil tar éis an scrúdaithe sin, agus
 - (d) fanfaidh sé nó sí i láthair ar feadh an scrúdaithe sin.
- (2) Chun críocha *fho-alt (1)(a)*, i gcás go mbeidh córas bealaí i bhfeidhm ag calafort custam nó ag aerfort custam, dearbhóidh duine a bheidh ag teacht isteach sa Stát, trí roghnú dul isteach sa bhealach dearg agus trí dhul isteach sa bhealach sin, go bhfuil aige nó aici ina bhagáiste nó ina bagáiste, nó gur thug sé leis nó gur thug sí léi earraí a ndlitear aon dleacht nó cáin orthu nó a bhféadfaí aon dleacht nó cáin a bheith dlite orthu, nó atá nó a d'fhéadfadh a bheith faoi réir aon toirmeasc nó srian ar a n-allmhairiú.
- (3) Aon duine a bheidh ag teacht isteach sa Stát agus a imeoidh amach as áit arna ceadú faoi *alt 7(1)*, nó a imeoidh amach as calafort custam nó aerfort custam, gan dearbhú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, measfar go bhfuil sé nó sí tar éis a dhearbhu nach bhfuil ina bhagáiste nó ina bagáiste nó nár thug sé leis nó nár thug sí léi aon earraí a ndlitear aon dleacht nó cáin orthu nó a bhféadfadh aon dleacht nó cáin a bheith dlite orthu, nó atá nó a d'fhéadfadh a bheith faoi réir aon toirmeasc nó srian ar a n-allmhairiú.
- (4) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil €5,000 a chur air nó uirthi.
- (5) San alt seo agus in *alt 13*, ciallaíonn “dleacht nó cáin” dleachtanna custam, dleacht máil nó Cáin Bhreisluacha is iníoctha ar earraí arna n-allmhairiú nó arna n-onnmhairiú.

Trácht poist a rialú

- 13.** (1) Beidh feidhm ag na hAchtanna Custam maidir le postphaicéid i bpost trasteorann.
- (2) Féadfaidh na Coimisinéirí áitreabh a cheadú is áitreabh a bheidh á oibriú ag an údarás poist chun postphaicéid a ghlacadh agus a stóráil fad a bheifear ag feitheamh ar imréiteach custam.
- (3) Déanfaidh oibrítheoir áitribh a cheadófar faoi *fho-alt (2)*, má cheanglaíonn na Coimisinéirí air é, cibé cóiríocht oifige agus saoráidí eile a bheidh réasúnach agus comhréireach agus is cuí a sholáthar agus a chothabháil ag an áitreabh sin don fhoireann custam.
- (4) Féadfaidh oifigeach custam gach postphaicéad i bpost trasteorann a scrúdú agus a oscailt agus an t-ábhar a bheidh ann a scrúdú gan é a bheith de cheangal ar an oifigeach custam fógra i dtaobh an scrúdaithe sin a thabhairt don seolaí.
- (5) Más rud é, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an ábhar i bpostphaicéad i bpost trasteorann, go bhfaighfear amach go bhfuil an tuairisc nó an luach dearbhaithe atá ar an bpostphaicéad sin nó ag gabháil leis bréagach nó míthreorach, féadfar an postphaicéad sin a urghabháil mar ní a dhlífeá a fhorghéilleadh.
- (6) Chun críocha an ailt seo, measfar gurb é nó gurb í seolaí an phostphaicéid dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* úinéir na n-earraí.
- (7) (a) I gcás go mbeidh dleacht nó cáin iníoctha ar earraí a bheidh i bpostphaicéad i bpost trasteorann, a dtíteann a luach faoi bhun na tairisí a gceanglaítear dearbhú le haghaidh saorchúrsaíochta ina leith faoin gCód Custam, baileoidh an t-údarás poist an dleacht nó an cháin sin agus íocfaidh an t-údarás í leis na Coimisinéirí cibé tráth agus ar cibé modh a chinnfidh na Coimisinéirí ó am go ham.
- (b) Más rud é nach nglacfaidh an seolaí le seachadadh postphaicéid i bpost trasteorann agus nach mbaileofar an dleacht nó an cháin is iníoctha air, cuirfidh an t-údarás poist an postphaicéad sin ar ais chuig an seoltóir.
- (c) Más rud é nach féidir aon seoltóir faoi *mhír (b)* a shainathint agus go ndéanfaidh an t-údarás poist, dá éis sin, an postphaicéad a dhíol nó a dhiúscairt ar shlí seachas trína dhíothú, nó go ndéanfar an céanna ar iarraidh ón údarás poist, íocfaidh an t-údarás poist aon dleacht nó cáin is iníoctha air leis na Coimisinéirí laistigh de 30 lá ón tráth a dhiúscrófar é.
- (8) D'fhonn postphaicéad i bpost trasteorann a scrúdú faoi *fho-alt (4)*, féadfaidh oifigeach custam—
- (a) a cheangal ar an údarás poist an postphaicéad sin a thabhairt go dtí cibé áit a mheasfaidh an t-oifigeach a bheith oiriúnach chun an scrúdú a dhéanamh,
- (b) a cheangal ar an údarás poist aon phostphaicéad den sórt sin a oscailt, a dhíphacáil agus a athphacáil,
- (c) a cheangal ar an údarás poist aon saoráidí nó aon chúnamh is gá le haghaidh scrúdú den sórt sin a sholáthar, nó
- (d) samplaí de na hearraí sa phostphaicéad a thógáil,

agus íocfaidh an t-údarás poist aon chostais a thabhófar faoi *mhír (a), (b) nó (c)* agus íocfaidh úinéir na n-earraí sa phostphaicéad aon chostais a thabhófar faoi *mhír (d)*.

- (9) Beidh ag an údarás poist an ceart céanna chun aon suimeanna arna n-íoc leis na Coimisinéirí de bhun na nAchtanna Custam a ghnóthú, i leith aon phostphaicéad, a bheadh ag an údarás sin amhail is dá mba ráta postais í an tsuim a íocadh amhlaidh.
- (10) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (4)* i leith postphaicéad i bpost trasteorann de bhunadh Ballstát eile nó a bheidh á choinsíniú ón Stát go dtí Ballstát eile ach amháin i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag oifigeach custam chun drochamhras a bheith air nó uirthi go bhféadfadh aon cheann de na nithe seo a leanas a bheith sa phostphaicéad:
- (a) earraí a ndlitear aon dleacht nó cáin orthu; nó
- (b) earraí a bheidh faoi réir aon toirmeasc nó srian ar a n-allmhairiú nó a n-onnmhairiú.
- (11) Aon duine a sháróidh *fo-alt (7) nó (8)*, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil €5,000 a chur air nó uirthi.
- (12) San alt seo—

ciallaíonn “seolaí”, i ndáil le postphaicéad, an duine a bhfuil sé dírithe chuige nó chuici;

ciallaíonn “údarás poist” aon eintiteas atá ainmnithe ag an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide mar sholáthraí seirbhíse poist uilechoitinne;

tá le “soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne” an bhrí chéanna atá leis san Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011.

CUID 3

CIONTA, PIONÓIS AGUS IMEACHTAÍ

Cionta a bhaineann le hearraí a allmhairiú nó a onnmhairiú go míchuí

14. (1) Aon duine—

- (a) a dhéanfaidh, nó a dhéanfaidh iarracht, dleachtanna custam a sheachaint, ar dleachtanna custam iad is innhuirearaithe ar aon earraí a allmhairiú le hintinn calaois a dhéanamh ar an Stát, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, maidir leis na dleachtanna sin,
- (b) a dhéanfaidh seilbh a ghlacadh ar aon earraí, iad a ghlacadh i gcoimeád nó a rachaidh i bhfeighil aon earraí, a dhéanfaidh aon earraí a thabhairt chun siúil, a iompar, a thaisceadh nó a cheilt, nó a dhéileálfaidh ar shlí eile le haon earraí a bhfuil aon dleachtanna custam iníoctha de thuras na huaire ar a n-allmhairiú, le hintinn calaois a dhéanamh ar an Stát, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, maidir leis na dleachtanna sin,
- (c) a dhéanfaidh earraí a allmhairiú isteach sa Stát contrártha d’aon toirmeasc nó srian ar na hearraí sin a allmhairiú, cibé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar na hearraí a dhíluchtú as an gcóir iompair inar allmhairíodh iad isteach sa Stát,

- (d) a dhéanfaidh seilbh a ghlacadh ar aon earraí, iad a ghlacadh i gcoimeád nó a rachaidh i bhfeighil aon earraí, a dhéanfaidh aon earraí a thabhairt chun siúil, a iompar, a thaisceadh nó a cheilt, nó a dhéileálfaidh ar shlí eile le haon earraí contrártha d'aon toirmeasc nó srian ar na hearraí sin a allmhairiú, cibé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar na hearraí a dhíluchtú as an gcóir iompair inar allmhairíodh iad isteach sa Stát,
- (e) a dhéanfaidh, nó a dhéanfaidh iarracht, dleachtanna custam a sheachaint, ar dleachtanna custam iad is inmhuirearaithe ar earraí a onnmhairiú le hintinn calaois a dhéanamh ar an Stát, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, maidir leis na dleachtanna sin, nó
- (f) a dhéanfaidh, nó a dhéanfaidh iarracht, aon earraí a onnmhairiú as an Stát contrártha d'aon toirmeasc nó srian ar na hearraí sin a onnmhairiú,

déanfaidh sé nó sí cion.

(2) Aon duine a dhéanfaidh cion faoin alt seo, dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí nó iad araon a chur air nó uirthi,
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná—
 - (i) €125,000, nó
 - (ii) i gcás gur mó luach na n-earraí lena mbaineann, lena n-áirítear an dleacht agus an cháin is iníoctha orthu, ná €250,000, trí oiread an luacha sin,

nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana nó iad araon a chur air nó uirthi.

- (3) Tá feidhm ag alt 13 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 i ndáil le cion faoin alt seo amhail is dá ndéanfaí, in ionad na bpionós a shonraítear i bhfo-alt (3) den alt sin 13, na pionóis dá bhforáiltear le *fo-alt (2)(a)* a shonrú ann, agus déanfar an tagairt in alt 13(2)(a) den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 do na pionóis dá bhforáiltear i bhfo-alt (3) den alt sin a fhorléiriú, agus beidh feidhm aici, dá réir sin.
- (4) Ní chuirfidh aon ní san alt seo cosc le haon chaingean nó imeachtaí eile a thionscnamh chun dleachtanna custam a bhailiú nó a ghnóthú.

Cionta custam ilghnéitheacha

15. (1) Aon duine—

- (a) a mhainneoidh, gan leithscéal dlíthiúil leordhóthanach, aon cheanglas a fhorchuirfear air nó uirthi faoi aon fhoráil de *Chuid 4* a chomhlíonadh,
- (b) a dhéanfaidh aon rud a dhlífear a fhorghéilleadh a tharrtháil, a dhamáistiú nó a dhíothú, nó a dhéanfaidh aon ní a bheidh ceaptha chun cosc a chur le fianaise a fháil i dtaobh an ndlitear nó nach ndlitear aon rud a fhorghéilleadh amhlaidh,
- (c) a dhéanfaidh aon earraí a chaitheamh thar bord, a bhriseadh nó a dhíothú d'fhonn urghabháil na n-earraí sin a chosc nó a sheachaint,

- (d) a dhéanfaidh aon chomhartha nó aon chumarsáid eile le hintinn cabhair nó cúnamh a thabhairt chun earraí a allmhairiú go neamhdhleathach nó a onnmhairiú go neamhdhleathach,
- (e) a chuirfidh cosc ar oifigeach custam aon duine a ghabháil nó a dhéanfaidh aon duine a ghabhfar amhlaidh a tharrtháil,
- (f) a dhéanfaidh damáiste d'aon trealamh, soitheach, aerárthach, feithicil, córas cumarsáide nó rud eile a úsáidtear nó atá beartaithe lena úsáid nó lena húsáid ag oifigeach custam, nó a chuirfidh isteach ar shlí ar bith thairis sin ar an gcéanna,
- (g) a dhéanfaidh madra custam a ghoin, a chiorrú, a fhuadach, a mharú nó a ghortú ar shlí eile gan údarás dleathach ná leithscéal réasúnach,
- (h) a bhainfidh séala, glas nó marc, nó a bhainfidh leis an gcéanna, go toiliúil agus go ró-luath, is séala, glas nó marc a úsáideann oifigeach custam chun aon earraí a dhaingniú nó a shainaithint,
- (i) a mbeidh úinéireacht aige nó aici ar aon chóir iompair nó a bheidh i bhfeighil aon chóir iompair a gheofar laistigh den Stát, is cóir iompair a bheidh foirgnithe, oiriúnaithe, athraithe nó feistithe ar mhodh ar bith chun earraí a cheilt i dtaca lena n-allmhairiú nó lena n-onnmhairiú go neamhdhleathach,
- (j) a ghéochumfaidh nó a fhalsóidh aon séala, síniú, túslitreacha nó marc eile de chuid oifigeach custam, nó a úsáideann oifigeach custam, chun doiciméad a fhíorú nó chun earraí a dhaingniú nó a shainaithint nó chun aon chríoch eile i dtaca le haon ní a bhaineann le custaim, nó
- (k) a dhéanfaidh iarracht aon cheann de na cionta a luaitear san alt seo a dhéanamh nó a fhéachfaidh lena dhéanamh, nó a chabhróidh, a neartóidh nó a chuideoidh le haon cheann de na cionta sin a dhéanamh,

déanfaidh sé nó sí cion.

- (2) Measfar gurb é nó gurb í an duine a bheidh i bhfeighil na n-earraí a luaitear i *bhfo-alt (1)(j)* a rinne an cion, agus i gcás gur úsáid oifigeach custam séala, glas nó marc ar bord soithigh nó aerárthaigh, measfar gurb é nó gurb í an máistir nó an píolóta i gceannas an duine atá i bhfeighil na n-earraí.
- (3) Aon duine a dhéanfaidh cion faoi *bhfo-alt (1)*, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Cionta a thriail go hachomair nó ar díotáil

16. Beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas, d'ainneoin aon achtachán eile, i ndáil le cion faoi *alt 14*—

- (a) luafar luach measta na n-earraí sa toghairm, san fhaisnéis nó sa chúiseamh,
- (b) féadfaidh an cosantóir, trí fhógra don ionchúiseamh a thabharfar roimh dheireadh na tréimhse 4 lá a chríochnóidh díreach roimh an dáta a bheidh socraithe d'éisteacht na n-imeachtaí sa Chúirt Dúiche (nó a thabharfar níos déanaí le cead na Cúirte sin), agóid a dhéanamh i gcoinne an luacha mheasta,

(c) mura ndéantar agóid i gcoinne an luacha mheasta—

(i) i gcás gur mó ná €1,900 trí oiread an luacha mheasta, triailfear an cion ar díotáil, agus

(ii) le linn an cion a bheith á thriail, cibé acu ar díotáil nó go hachomair, measfar gurb é an luach measta luach na n-earraí,

(d) má dhéantar agóid i gcoinne an luacha mheasta—

(i) déanfaidh breitheamh na Cúirte Dúiche, sula rachaidh sé nó sí ar aghaidh leis an éisteacht, luach na n-earraí a chinneadh, agus

(ii) i gcás gur mó ná €1,900 trí oiread an luacha a chinnfear amhlaidh, triailfear an cion ar díotáil,

(e) nuair a bheidh luach na n-earraí á mheas nó á chinneadh faoin alt seo, measfar gurb é an luach sin an praghas a mb'fhéidir go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go bhfaighfí ar na hearraí é, tar éis aon dleacht ab inmhuirearaithe orthu a íoc, dá ndíolfaí iad ar an margadh oscailte an dáta nó tuairim an dáta a rinneadh an cion, ar choinníoll go measfar gurb é an luach i ndáil le hearraí toirmisce an praghas a bhféadfaí a bheith ag súil go bhfaighfí ar na hearraí sin é ar an margadh le haghaidh earraí toirmisce den sórt sin a dhíol nó a sholáthar go neamhdhleathach.

Forghéilleadh

17. (1) Aon earraí a mbeidh cion déanta ina leith faoi *alt 14* nó *15* nó aon earraí a bheidh pacáilte in éineacht leis na hearraí sin nó a úsáidfear chun iad a cheilt, dlífear iad a fhorghéilleadh agus, i gcás go bhfaighfear aon earraí den sórt sin in aon chóir iompair, nó uirthi nó i gceangal léi ar shlí ar bith, measfar úsáid a bheith bainte as an gcóir iompair sin chun na hearraí sin a iompar agus dlífear í a fhorghéilleadh freisin.

(2) I gcás go ndlífear aon earraí nó aon chóir iompair a fhorghéilleadh faoi *fho-alt (1)*, dlífear aon rud ina bhfuil nó ina raibh earraí nó cóir iompair den sórt sin, agus aon rud ar baineadh úsáid as chun na hearraí sin nó na cóir iompair sin a iompar, a fhorghéilleadh.

(3) I gcás nach ndéantar dleacht custam is inmhuirearaithe ar aon earraí a íoc an tráth a thiochfaidh íoc na dleachta sin chun bheith dlite nó laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin a bheidh ceadaithe lena híoc le haon achtachán nó faoi aon achtachán, dlífear na hearraí sin a fhorghéilleadh.

Fógra urghabhála

18. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, tabharfaidh oifigeach custam fógra i dtaobh urghabháil aon ruda a dhlífear a fhorghéilleadh agus i dtaobh na bhforas le forghéilleadh d'aon duine a bhí, go bhfios don oifigeach, ina úinéir nó ina húinéir ar an rud a urghabhadh nó ar dhuine d'úinéirí an ruda a urghabhadh tráth na hurghabhála.

(2) Ní gá fógra faoi *fho-alt (1)* a thabhairt faoin alt seo do dhuine más rud é go ndearnadh an urghabháil i láthair an duine arb é a chion nó a cion nó a chion amhrasta nó a cion amhrasta a tharraing an urghabháil nó, i gcás aon rud a

urghabhadh in aon soitheach nó in aon aerárthach, i láthair mháistir an tsoithigh sin nó an phíolóta i gceannas an aerárthaigh sin.

- (3) Is i scríbhinn a thabharfar fógra faoi *fho-alt (1)* agus measfar an fógra a bheith tugtha go cuí don duine lena mbaineann—
- (a) má sheachadtar ar an duine go pearsanta é,
- (b) má dhéantar a sheoladh nó a seoladh a chur air agus é a fhágáil ag a ghnátháit nó a gnátháit chónaithe nó ghnó nó ag an áit chónaithe nó ghnó is deireanaí is eol a bheith ag an duine, nó é a chur leis an bpost chuig an áit sin, nó, i gcás comhlacht corpraithe, ag a oifig chláraithe nó ag a phríomhoifig, nó
- (c) murab eol aon seoladh sa Stát a bheith ag an duine, trí fhógra i dtaobh na hurghabhála lena mbaineann a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

Fógra éilimh

19. (1) I gcás go ndearnadh aon earraí, faoi aon fhoráil de na hAchtanna Custam, a urghabháil mar earraí a ndlitear a fhorghéilleadh, féadfaidh duine (dá ngairtear “an t-éilitheoir” san alt seo agus in *alt 20*)—
- (a) laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra urghabhála faoi *alt 18*, nó
- (b) i gcás nár tugadh aon fhógra den sórt sin, laistigh de 30 lá ó dháta na hurghabhála,
- fógra i scríbhinn a thabhairt do na Coimisinéirí i dtaobh éileamh (dá ngairtear “fógra éilimh” san alt seo) á rá, maidir leis na hearraí a rinneadh a urghabháil, nach ndlitear amhlaidh iad a fhorghéilleadh.
- (2) Sonrófar i bhfógra éilimh ainm agus seoladh iomlán an éilitheora agus an bonn ar a bhfuil an t-éileamh bunaithe agus, i gcás gur seoladh lasmuigh den Stát an seoladh sin, féadfar aon doiciméid a bhaineann le himeachtaí daortha faoi *alt 20* a sheirbheáil leis an bpost ag an seoladh sin.
- (3) Más rud é, ar dhul in éag do thréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, nach bhfuil aon fhógra éilimh tugtha, measfar an rud atá á urghabháil a bheith daortha go cuí mar rud forghéillte, agus beidh feidhm ag an bhforghéilleadh ón dáta a d’eascair an dliteanas forghéillte.
- (4) I gcás go mbeidh fógra éilimh tugtha, tionscnóidh na Coimisinéirí, faoi réir *alt 35(1)* agus (2), imeachtaí cúirte faoi *alt 20* chun an rud lena mbaineann a dhaoradh.

Imeachtaí i leith daoradh ag an gcúirt

20. (1) Is imeachtaí sibhialta imeachtaí i leith daoradh ag an gcúirt (dá ngairtear “imeachtaí daortha” san alt seo)
- agus is in ainm na gCoimisinéirí a thionscnófar na himeachtaí sin.
- (2) Más rud é, in aon imeachtaí daortha, go gcinneadh an chúirt gur dlíodh, tráth na hurghabhála, an rud a urghabhadh a fhorghéilleadh, déanfaidh an chúirt é a dhaoradh mar rud forghéillte, agus in aon chás eile ordóidh an chúirt é a scaoileadh.

- (3) Féadfar imeachtaí daortha a thionscnamh san Ard-Chúirt nó, más rud é i dtuairim na gCoimisinéirí nach mó luach an ruda a urghabhadh (agus a bheidh ina ábhar do na himeachtaí sin) ná—
- (a) €75,000, sa Chúirt Chuarda, nó
- (b) €15,000, sa Chúirt Dúiche.
- (4) In aon imeachtaí daortha, déarfadh an t-éilitheoir nó aon aturnae a bheidh ag gníomhú thar ceann an éilitheora sin, faoi mhionn, gur mhaoin de chuid an éilitheora tráth na hurghabhála é an rud a urghabhadh, nó gur mhaoin de chuid an éilitheora é de réir mar is fearr is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí.
- (5) Féadfaidh na Coimisinéirí, mar is rogha leo, aon imeachtaí daortha a bhac nó a imshocrú.
- (6) Féadfaidh na Coimisinéirí aon rud a urghabhadh, ar rud é is ábhar d'imeachtaí daortha, a thabhairt ar ais.
- (7) Más rud é in aon imeachtaí daortha—
- (a) go dtabharfar breithiúnas i bhfabhar an éilitheora agus go ndeimhneoidh an chúirt nó an breitheamh go raibh cúis dhóchúil ann an urghabháil sin nó an choinneáil sin a dhéanamh, ní dhlífeadh aon imeachtaí sibhialta ná coiriúla a thionscnamh mar gheall ar an rud a urghabhadh a urghabháil nó a choinneáil i gcoinne aon oifigeach de chuid na gCoimisinéirí nó aon duine eile a rinne an urghabháil nó a chabhraigh leis an urghabháil a dhéanamh, agus
- (b) go ndéanfar aon rud a dhaoradh mar rud arna fhorghéilleadh, beidh feidhm ag an bhforghéilleadh ón dáta a d'eascair an dliteanas forghéillte.

Imeachtaí i ndáil le cionta

- 21.** (1) I gcás go mbeidh fianaise ann go ndearna 2 dhuine nó níos mó cion faoi na hAchtanna Custam—
- (a) féadfar imeachtaí a thionscnamh i gcoinne na ndaoine sin, i gcomhpháirt nó go leithleach, chun pionós a ghnóthú, agus
- (b) ar phionós a fhorchur, beidh na daoine sin faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith an phionóis sin.
- (2) I gcás cion faoi na hAchtanna Custam a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus i gcás go gcruthófar go ndearnadh amhlaidh é le toiliú, le cúltheadú nó le ceadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, déanfaidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, cion agus dlífeadh imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.
- (3) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag *fo-alt* (2) i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna

bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

- (4) I gcás go mbeidh imeachtaí tionscanta nó coimeáda ar marthain in ainm oifigeach de chuid na gCoimisinéirí a bhfuil scortha aige nó aici ar aon chúis de bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach den sórt sin nó a bheidh, agus é ina oifigeach nó í ina hoifigeach de chuid na gCoimisinéirí, as láthair aon tráth i gcaitheamh na n-imeachtaí sin, ansin féadfar na himeachtaí sin a choimeád ar marthain in ainm aon oifigeach eile de chuid na gCoimisinéirí, nó in ainm an oifigh a bheidh as láthair amhlaidh, de réir mar is cuí sna himthosca.
- (5) Féadfaidh oifigeach do na Coimisinéirí aon toghairm, fógra, ordú nó doiciméad eile a bhaineann le himeachtaí a bhaineann le haon achomharc i gcoinne breithiúnas de bhun na n-imeachtaí sin a sheirbheáil.
- (6) In aon imeachtaí, maidir leis na dleachtanna custam a bheith urraithe le banna nó ar shlí eile, ní bheidh sé sin iomchuí as féin maidir le cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ndearnadh nó nach ndearnadh cion.
- (7) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions Ireland Act, 1851*, féadfar imeachtaí achoimre i leith cion faoi na hAchtanna Custam a thionscnamh laistigh de 2 bhliain ó dháta an chion.
- (8) Níl feidhm ag alt 1(1) den *Probation of Offenders Act, 1907* maidir le cionta faoi na hAchtanna Custam.

Damáistí

22. Más rud é, in aon imeachtaí sibhialta nó coiriúla i gcoinne aon oifigeach custam nó duine eile mar gheall ar aon rud a urghabháil nó a choinneáil, go dtabharfar breithiúnas i gcoinne an oifigh sin nó an duine eile sin, nó go ndéanfar ciontú a thairgeadh ina choinne nó ina choinne i leith an ní, agus i gcás go ndeimhneoidh an chúirt nó an breitheamh go raibh cúis dhóchúil leis an urghabháil sin nó leis an gcoinneáil sin a dhéanamh, ansin, de réir mar a bheidh—

- (a) ní bheidh an gearánaí i dteideal aon damáistí, seachas an rud a urghabhadh nó luach an ruda sin, ná aon chostais, agus
- (b) ní dhlífear aon phionós ná pianbhreith a chur ar an oifigeach nó ar an duine eile.

Toimhdeana agus dualgas cruthúnais

23. (1) In aon imeachtaí faoi na hAchtanna Custam, maidir le deimhneasc in aon phróiseas—

- (a) gur tionscnaíodh na himeachtaí sin le hordú na gCoimisinéirí,
- (b) go bhfuil nó go raibh aon duine ina Choimisinéir nó ina Coimisinéir, ina oifigeach nó ina hoifigeach de chuid na gCoimisinéirí, ina oifigeach nó ina hoifigeach custam, ina chomhalta nó ina comhalta den Gharda Síochána nó ina chomhalta nó ina comhalta d'Óglaigh na hÉireann,

- (c) go bhfuil nó go raibh aon duine ina oifigeach nó ina hoifigeach arna cheapadh nó arna ceapadh ag na Coimisinéirí nó arna údarú nó arna húdarú acu chun críche na nAchtanna Custam,
- (d) go bhfuil nó nach bhfuil na Coimisinéirí de thuairim i dtaobh aon ní a gceanglaítear orthu tuairim a bheith acu ina thaobh faoi aon fhoráil de na hAchtanna sin, nó
- (e) gur d'fhonn urghabháil na n-earraí sin a chosc nó a sheachaint a déileáladh amhlaidh le haon earraí a caitheadh thar bord, a briseadh nó a díotháíodh,

beidh sé, go dtí go gcruthófar a mhalairt, ina fhianaise leordhóthanach ar an ní atá i gceist.

(2) Más rud é, in aon imeachtaí a bhaineann le hearraí a urghabhadh faoi na hAchtanna Custam agus arna dtionscnamh i gcoinne aon pháirtí amháin nó níos mó díobh seo a leanas—

- (a) an Stát,
- (b) an tArd-Aighne,
- (c) na Coimisinéirí,
- (d) an tAturnae Ioncaim,
- (e) oifigeach de chuid na gCoimisinéirí,

go n-eascróidh aon cheist—

- (i) i dtaobh na háite ónar tugadh aon earraí,
- (ii) i dtaobh aon toirmeasc nó srian ar earraí a allmhairiú nó a onnmhairiú a chomhlíonadh,
- (iii) i dtaobh ar allmhairíodh earraí go dleathach ar dhleachtanna ab iníoctha orthu a íoc nó ar dhleachtanna ab iníoctha orthu a urrú, de réir mar a bheidh,
- (iv) i dtaobh ar allmhairíodh earraí go dleathach,
- (v) i dtaobh ar díluchtaíodh earraí go dleathach as aon chóir iompair,
- (vi) i dtaobh ar tugadh earraí go dtí aon áit nó ar cuireadh earraí go dtí aon áit nó ar coimeádadh earraí in aon áit chun iad a onnmhairiú,
- (vii) i dtaobh ar déileáladh le hearraí ar aon mhodh eile chun iad a onnmhairiú, nó
- (viii) i dtaobh nach raibh aon chomhartha nó aon chumarsáid a rinneadh beartaithe chun cabhrú nó cuidiú leis na hearraí a allmhairiú nó a onnmhairiú go neamhdhleathach,

ansin is ar an duine a mbeidh na himeachtaí á dtionscnamh aige nó aici a bheidh an dualgas cruthúnais i ndáil le haon cheist den sórt sin i ngach cás den sórt sin.

(3) In aon imeachtaí mar gheall ar chion, aon deimhniú arna shíniú ag oifigeach don tSaotharlann Stáit nó ag oifigeach don tSaotharlann Dlí-Eolaíochta, ina luafar toradh aon tástála, scrúdaithe nó anailíse ar aon earraí nó ar shampla de na hearraí

sin, de réir mar a bheidh, beidh sé, maidir leis na hearraí sin nó maidir leis an sampla de na hearraí sin, de réir mar a bheidh, ina fhianaise ar na nithe a bheidh luaite sa deimhniú mura gcruthófar a mhalairt.

(4) San alt seo—

ciallaíonn “deimhniú” deimhniú dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*;

ciallaíonn “oifigeach don tSaotharlann Dlí-Eolaíochta” Ard-Stiúrthóir Shaotharlann Dlí-Eolaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, nó duine eile atá fostaithe nó fruilithe ag an tSaotharlann sin agus údaraithe ag an Ard-Stiúrthóir chun deimhniú a shíniú;

ciallaíonn “oifigeach don tSaotharlann Stáit” an Ceimiceoir Stáit nó ceimiceoir eile atá fostaithe nó fruilithe ag an tSaotharlann Stáit agus atá údaraithe ag an gCeimiceoir Stáit chun deimhniú a shíniú.

Pionóis eile a dhlífear a chur ar dhuine

24. Maidir le pionós a shonrú san Acht seo i leith cion a dhéanfar faoi fhoráil den Acht, ní dochar é d’aon pionós eile a dhlífear a chur ar an duine lena mbaineann faoi na hAchtanna Custam nó aon achtachán eile.

CUID 4

CUMHACHTAÍ OIFIGEACH CUSTAM

Cumhacht chun dul isteach in áiteanna áirithe, iad a iniúchadh agus a phatróláil

25. (1) Féadfaidh oifigeach custam, agus aon duine a bheidh ag cabhrú leis an oifigeach sin, d’fhonn a bhfeidhmeanna faoi na hAchtanna Custam a chomhlíonadh, tráth ar bith agus gan bharántas—

(a) dul isteach i gcalafort custam nó in aerfort custam nó in aon áit arna ceadú faoi *alt 7(1)* nó *alt 13(2)*, nó in aon chóir iompair laistigh den chalafort, den aerfort nó den áit sin agus é nó í a iniúchadh,

(b) aon chuid den chósta nó den chladach a phatróláil agus gabháil gan chosc feadh aon chuid díobh nó thar aon chuid díobh agus thar aon talamh laistigh de 32 chiliméadar den tírtheorainn agus féadfaidh sé nó sí fanacht in aon áit den sórt sin d’fhonn patróil nó faireachas a dhéanamh,

agus ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas in aon imeachtaí i dtaca le haon rud a dhéanfar i gcomhlíonadh nó i gcomhlíonadh airbheartaithe a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo.

(2) Le linn d’oifigeach údaraithe cumhacht faoin alt seo a fheidhmiú, féadfaidh daoine eile a bheith ina theannta nó ina teannta, agus féadfaidh sé nó sí, nó féadfaidh na daoine sin, aon trealamh, ábhair, soitheach, aerárthach, feithicil, madra custam nó aon rud eile a thabhairt leis nó léi nó leo chun cabhrú leis an oifigeach an chumhacht a fheidhmiú.

- (3) Féadfaidh oifigeach custam nó duine eile a bheidh i bhfeighil aon soitheach a úsáidtear chun smuigléireacht a chosc an soitheach a chur ar ancaire, a fheistiú, a chalú nó a thabhairt i dtír, nó an soitheach a tharraingt i dtír, in áit ar bith laistigh den Stát agus gan costas ar bith ar an Stát.

Cumhacht chun córacha iompair a stopadh

26. (1) Féadfaidh oifigeach custam a bheidh faoi éide nó a bheidh ag seirbheáil ar shoitheach patróil a bheidh marcáilte go soiléir mar shoitheach atá i seirbhís an Stáit, faoi réir *fho-alt (2)*, ar cibé modh a mheasfaidh sé nó sí a bheith cuí, aon chóir iompair a stopadh nó a chur faoi deara í a stopadh ar cóir iompair í—

- (a) a bheidh ag teacht isteach sa Stát nó a bheidh tagtha isteach sa Stát,
- (b) a bheidh ag imeacht as an Stát,
- (c) a bheidh i gcrios tadhlaigh an Stáit, nó
- (d) a bheidh in aon áit eile sa Stát.

- (2) Maidir leis an gcumhacht a shonraítear—

- (a) i *bhfo-alt (1)(a)* i leith cóir iompair a bheidh ag teacht isteach sa Stát nó a bheidh tagtha isteach sa Stát ó Bhallstát eile,
- (b) i *bhfo-alt (1)(b)* i leith cóir iompair a bheidh ag imeacht as an Stát agus ag dul go dtí Ballstát eile, nó
- (c) i *bhfo-alt (1)(d)*,

ní fheidhmeofar í ach amháin i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag an oifigeach chun drochamhras a bheith air nó uirthi maidir leis an gcóir iompair nó le haon earraí a bheidh á n-iompar uirthi nó inti—

- (i) go bhfuil dleacht custam innhuirearaithe uirthi nó orthu agus nár íocadh nó nár urraíodh an dleacht custam sin,
 - (ii) go bhfuil sí nó siad á hallmhairiú nó á n-allmhairiú nó gur allmhairíodh í nó iad, nó go mbeartaítear í nó iad a onnmhairsiú, contrártha d'aon toirmeasc nó srian ar í nó iad a allmhairsiú nó a onnmhairsiú, de réir mar a bheidh,
 - (iii) gur taifid í nó iad a bhaineann le hidirbhearta de shárú ar na hAchtanna Custam, nó
 - (iv) go ndlitear í nó iad a fhorghéilleadh thairis sin faoi na hAchtanna Custam.
- (3) Déanfaidh aon duine a bheidh i bhfeighil cóir iompair ghluaiste, ar iarraidh ó oifigeach custam dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus chun críocha an ailt seo, an chóir iompair a stopadh.
- (4) I gcás go mainneoidh duine a bheidh i bhfeighil cóir iompair ghluaiste an chóir iompair sin a stopadh tar éis d'oifigeach custam a iarraidh go cuí air nó uirthi déanamh amhlaidh faoin alt seo, féadfaidh an t-oifigeach sin gach beart réasúnach a dhéanamh chun an chóir iompair sin a stopadh.

- (5) Aon duine a bheidh i bhfeighil cóir iompair a bheidh ina stad cheana féin nó a bheidh stoptha ag oifigeach custam faoin alt seo, déanfaidh sé nó sí, ar iarraidh ó oifigeach custam—
- (a) an chóir iompair sin a choimeád ina stad ar feadh cibé tréimhse is gá le réasún chun a chumasú d'oifigeach custam aon chumhacht a thugtar don oifigeach sin le *halt 27* nó *28* a fheidhmiú,
- (b) i gcás go bhfuil an chóir iompair sin, i dtuairim an oifigh custam sin, suite in áit nach bhfuil oiriúnach chun aon chumhacht a thugtar don oifigeach sin le *halt 27* nó *28* a fheidhmiú, an chóir iompair sin a thabhairt go dtí cibé áit a mheasfaidh sé nó sí a bheith oiriúnach chun an chumhacht sin a fheidhmiú nó a chur faoi deara í a thabhairt go dtí an áit sin.

Cumhacht chun dul ar bord córacha iompair agus cuardach a dhéanamh orthu

27. (1) Féadfaidh oifigeach custam, ar údarú an oifigh sin a thabhairt ar aird, má iarrann aon duine dá ndéantar difear air nó uirthi déanamh amhlaidh, agus aon oifigeach a bheidh i dteannta an oifigh sin, dul isteach in aon chóir iompair nó dul ar bord aon chóir iompair, tráth ar bith agus ar cibé modh a mheasfaidh an t-oifigeach a bheith cuí, faoi réir *fho-alt (2)*, ar cóir iompair í—
- (a) a bheidh ag teacht isteach sa Stát nó a bheidh tagtha isteach sa Stát,
- (b) a bheidh ag imeacht as an Stát,
- (c) a bheidh i gcrios tadhlaigh an Stáit, nó
- (d) a bheidh in aon áit eile sa Stát,

agus fanfaidh sé nó sí ar an gcóir iompair sin ar feadh cibé tréimhse is gá chun críoche *fho-alt (3)*.

- (2) Maidir leis an gcumhacht a shonraítear—
- (a) i *bhfo-alt (1)(a)* i leith cóir iompair a bheidh ag teacht isteach sa Stát nó a bheidh tagtha isteach sa Stát ó Bhallstát eile,
- (b) i *bhfo-alt (1)(b)* i leith cóir iompair a bheidh ag imeacht as an Stát agus ag dul go dtí Ballstát eile,
- (c) i *bhfo-alt (1)(d)*,

ní fheidhmeofar í ach amháin i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag an oifigeach lena mbaineann chun drochamhras a bheith air nó uirthi maidir leis an gcóir iompair nó aon earraí a bheidh á n-iompar uirthi—

- (i) go bhfuil dleacht custam inmhuirearaithe uirthi nó orthu agus nár íocadh nó nár urraíodh an dleacht custam sin,
- (ii) go bhfuil sí nó siad á hallmhairiú nó á n-allmhairiú nó gur allmhairíodh í nó iad, nó go mbeartaítear í nó iad a onnmhairiú, contrártha d'aon toirmeasc nó srian ar í nó iad a allmhairiú nó a onnmhairiú, de réir mar a bheidh,

- (iii) gur taifid í nó iad a bhaineann le hidirbhearta de shárú ar na hAchtanna Custam, nó
 - (iv) go ndlitear iad a fhorghéilleadh thairis sin faoi na hAchtanna Custam.
- (3) Aon oifigeach custam a stopfaidh cóir iompair a luaitear i *bhfo-alt (1)*, a rachaidh isteach inti nó a rachaidh ar bord uirthi, féadfaidh sé nó sí—
- (a) an chóir iompair sin a scrúdú,
 - (b) cuardach a dhéanamh ar an gcóir iompair agus aon earraí uirthi nó inti a scrúdú is dealraitheach dó nó di a bheith riachtanach chun a shuíomh an ndlitear aon ní ar an gcóir iompair nó inti nó atá ceangailte den chóir iompair ar shlí ar bith a fhorghéilleadh faoi na hAchtanna Custam,
 - (c) aon taifid a gheofar ar an gcóir iompair nó inti a scrúdú agus cóipeanna a dhéanamh d'aon taifid den sórt sin nó sleachta a thógáil astu,
 - (d) na taifid sin a thabhairt chun siúil agus a choimeád go ceann cibé tréimhse a bheidh réasúnach chun iad a scrúdú tuilleadh,
 - (e) sampla a thógáil d'aon earraí a bheidh ar an gcóir iompair nó inti,
 - (f) a chur faoi deara aon earraí a mharcáil sula luchtófar iad ar an gcóir iompair sin nó sula ndíluchtófar iad aisti,
 - (g) aon earraí a bheidh á n-iompar ar an gcóir iompair nó inti a chur faoi ghlas, a shéalú, a mharcáil nó a dhaingniú ar shlí eile,
 - (h) briseadh isteach in aon áit nó in aon ghabhdán, a bheidh faoi ghlas agus a mbeidh a gcuid eochracha á gcoimeád siar,
 - (i) an duine a bheidh i bhfeighil na córa iompair a cheistiú i ndáil leis an gcóir iompair nó le haon earraí a bheidh uirthi, inti, nó ceangailte di ar shlí ar bith, agus a cheangal ar an duine sin, laistigh de cibé tréimhse agus i cibé foirm nó ar cibé modh a shonróidh an t-oifigeach—
 - (i) an fhaisnéis go léir i ndáil leis an gcóir iompair agus leis na hearraí a thabhairt, agus
 - (ii) na taifid go léir a bhaineann leis an gcóir iompair agus le haon earraí den sórt sin a thabhairt ar aird agus a cheadú iniúchadh a dhéanamh ar na taifid agus cóipeanna a dhéanamh díobh, nó sleachta a thógáil astu,a theastóidh le réasún ón oifigeach agus a bheidh i seilbh an duine sin nó ar fáil aige nó aici,
 - (j) aon earraí a gheofar i gcúrsa cuardach faoin alt seo a urghabháil agus a choinneáil, ar earraí iad a dhlífear a fhorghéilleadh faoi na hAchtanna Custam nó a bheidh ag teastáil mar fhianaise in imeachtaí mar gheall ar chion faoi na hAchtanna Custam nó faoi aon achtachán eile.
- (4) Féadfaidh oifigeach custam a cheangal ar aon duine a mbeidh cóir iompair a mbeifear ag déanamh cuardach uirthi faoi *fho-alt (3)* faoina rialú, agus ar aon duine

a bheidh ag taisteal ar an gcóir iompair sin, gan aon earraí a bhaint as an gcóir iompair agus fanacht leis an gcóir iompair fad a bheidh an cuardach á dhéanamh.

Cumhacht chun earraí a scrúdú

28. (1) Féadfaidh oifigeach custam, faoi réir *fho-alt (2)*, aon earraí a bheidh allmhairithe, a bheidh dearbhaithe lena n-onnmhairiú nó a bheidh faoi rialú custam thairis sin a scrúdú tráth ar bith agus ar cibé modh a mheasfaidh sé nó sí a bheith cuí.
- (2) Ní fheidhmeofar an chumhacht a shonraítear i *bhfo-alt (1)* ach amháin i leith earraí a bheidh ag teacht isteach sa Stát nó a bheidh tagtha isteach sa Stát ó Bhallstát eile nó a bheidh ag imeacht as an Stát nó atá beartaithe imeacht as an Stát chuig Ballstát eile, agus i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag an oifigeach chun drochamhras a bheith air nó uirthi—
- (a) gurb inmhuirearaithe aon dleacht custam orthu nár íocadh nó nár urraíodh,
- (b) go bhfuil na hearraí sin faoi réir aon toirmeasc nó srian ar a n-allmhairiú nó a n-onnmhairiú, nó
- (c) go ndlitear iad a fhorghéilleadh faoi na hAchtanna Custam.
- (3) Féadfaidh oifigeach custam, d'fhonn aon earraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a scrúdú—
- (a) a cheangal go ndéanfar na hearraí a thabhairt go dtí cibé áit a mheasfaidh sé nó sí a bheith oiriúnach chun scrúdú den sórt sin a dhéanamh,
- (b) a cheangal ar allmhaireoir, onnmhaireoir nó gníomhaire na n-earraí aon choimeádán nó aon phacáiste ina bhfuil na hearraí a oscailt, a dhíphacáil agus a athphacáil,
- (c) a cheangal go ndéanfar na saoráidí go léir nó an cúnamh go léir is gá le haghaidh aon scrúdú den sórt sin a sholáthar, nó
- (d) samplaí de na hearraí a thógáil,

agus íocfaidh allmhaireoir nó onnmhaireoir na n-earraí, de réir mar a bheidh, aon chostais a thabhófar.

Cumhacht chun cuardach a dhéanamh ar áitreabh nó ar thalamh

29. (1) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche ar deimhin leis nó léi, ó fhaisnéis faoi mhionn ó oifigeach custam go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann—
- (a) go bhfuil aon rud a dhlitear a fhorghéilleadh faoi na hAchtanna Custam, nó
- (b) go bhfuil aon taifid a bhaineann le hidirbhearta de shárú ar na hAchtanna Custam,
- á choimeád nó á gcoimeád nó i bhfolach in, nó ag, aon áitreabh nó ar, nó ag, aon talamh, barántas cuardaigh a eisiúint.
- (2) Beidh barántas cuardaigh a eiseofar faoin alt seo sainráite agus oibreoidh sé chun a údarú d'oifigeach custam ainmnithe, agus cibé oifigigh custam eile nó cibé daoine

eile nó iad sin araon, de réir mar a mheasfaidh an t-oifigeach is gá, ina theannta nó ina teannta, na nithe seo a leanas a dhéanamh tráth ar bith laistigh d'aon mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais—

- (a) dul isteach, trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá, san áitreabh nó sa talamh a bheidh ainmnithe nó sonraithe sa bharántas,
- (b) cuardach a dhéanamh ar an áitreabh nó ar an talamh,
- (c) a cheangal ar aon duine a gheofar ar an áitreabh nó ar an talamh fanacht ann fad a bheidh an cuardach á dhéanamh,
- (d) aon rud a gheofar ar an áitreabh nó ar an talamh a scrúdú,
- (e) aon taifead a gheofar ar an áitreabh nó ar an talamh a iniúchadh,

agus, má tá forais réasúnacha drochamhrais ann go ndlitear aon rud a fuarthas a fhorghéilleadh faoi na hAchtanna Custam, nó go bhféadfadh aon rud a fuarthas, lena n-áirítear taifid, a bheith ag teastáil mar fhianaise in aon imeachtaí faoi na hAchtanna Custam nó faoi aon achtachán eile, an rud a urghabháil nó a choinneáil nó, i gcás taifid, iad a choinneáil mar a rud a dhlítear a fhorghéilleadh a fhad is gá le réasún.

(3) San alt seo—

folaíonn “talamh” aon déanmhas ar thalamh;

ciallaíonn “déanmhas” foirgneamh, déanmhas nó aon rud eile atá foirgnithe, tógtha, curtha suas nó déanta ar aon talamh nó ann nó faoi.

Cumhacht chun cuardach a dhéanamh ar dhaoine

30. (1) Aon oifigeach custam a bhfuil drochamhras air nó uirthi, agus cúis réasúnach leis, go bhfuil ina sheilbh nó ina seilbh ag duine ag aon chalafort nó ag aon aerfort, ag an gcósta, ag an tírtheorainn, nó ag aon áitreabh nó aon talamh, nó i gcomharsanacht na n-áiteanna sin, is ábhar do bharántas cuardaigh arna eisiúint faoi *alt 29*, nó ar bord cóir iompair a ndeachthas ar bord uirthi faoi *alt 27*—

- (a) aon rud a dhlítear a fhorghéilleadh faoi na hAchtanna Custam, nó
- (b) aon taifid a bhaineann le hidirbhearta de shárú ar na hAchtanna Custam,

féadfaidh sé nó sí, faoi réir *fho-alt (2)*, gan bharántas—

- (i) cuardach a dhéanamh ar an duine agus, má mheasann an t-oifigeach gur gá é chun na críche sin, an duine a choinneáil ar feadh cibé tréimhse is gá le réasún chun an cuardach a dhéanamh, agus
- (ii) aon rud a gheofar i gcúrsa an chuardaigh a scrúdú, cibé acu trína oscailt nó ar shlí eile, agus a urghabháil agus a choinneáil más dealraitheach don oifigeach gur rud é a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil mar fhianaise in imeachtaí mar gheall ar chion faoi na hAchtanna Custam nó faoi aon achtachán eile.

(2) Cinnteoidh oifigeach a bheidh ag stiúradh cuardaigh ar dhuine faoi *fho-alt (1)*—

- (a) a mhéid is indéanta, go dtuigfidh an duine a mbeidh cuardach á dhéanamh air nó uirthi an fáth a bhfuil an cuardach á dhéanamh agus go stiúrfar an cuardach le hurraim chuí don duine sin,
- (b) nach ndéanfaidh oifigeach ná duine eile (nach lia-chleachtóir cláraithe ná altra chláraithe) den ghnéas eile cuardach ar an duine a bheidh á choinneáil nó á coinneáil, mura dtabharfar toiliú amhlaidh, agus
- (c) i gcás go mbeidh ar dhuine a mbeidh cuardach á dhéanamh air nó uirthi a chuid éadaí nó a cuid éadaí, ar leith ó cheannbheart nó cóta, seaicéad, lámhainn nó ball éadaigh eile dá samhail, a bhaint de nó di, nach mbeidh aon oifigeach eile nó duine den ghnéas eile i láthair mura lia-chleachtóir ainmnithe nó altra chláraithe an duine sin nó mura dóigh leis an oifigeach gur gá don duine sin a bheith i láthair mar gheall ar iompar foréigneach an duine a mbeidh cuardach á dhéanamh air nó uirthi.

(3) Má chinneann oifigeach custam cuardach a dhéanamh ar dhuine faoin alt seo, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine an t-oifigeach sin a thionlacan go dtí oifig custam nó go dtí cibé áit eile a shonróidh an t-oifigeach sin d'fhonn cuardach a dhéanamh air nó uirthi amhlaidh ag an oifig sin nó ag an áit eile sin, agus féadfaidh sé nó sí aon duine a mhainneoidh an ceanglas seo a chomhlíonadh a ghabháil gan bharántas.

(4) Fanfaidh ceanglas a luaitear i *bhfo-alt (3)* i bhfeidhm go dtí go mbeidh críoch leis an gcuardach ar i ndáil leis a rinneadh an ceanglas, ach déanfar an cuardach sin a sheoladh a luaithe is indéanta.

(5) I gcás go mbeidh forais réasúnacha drochamhrais ag oifigeach custam go bhfuil druga rialaithe nó rud eile i seilbh duine agus go bhfuil an druga nó an rud sin ceilte i gcolainn an duine, ansin féadfaidh an t-oifigeach sin an duine a choinneáil agus, a luaithe is indéanta dá éis sin—

(a) an duine a thíolacadh, nó

(b) an duine a thabhairt agus a thíolacadh,

do chomhalta den Gharda Síochána.

(6) San alt seo—

ciallaíonn “altra chláraithe” altra a bhfuil a ainm nó a hainm cláraithe—

(a) i gclár na n-altraí arna bhunú faoi alt 27 d’Acht na nAltraí, 1985, nó

(b) i rannán na n-altraí de chlár na nAltraí agus na gCnáimhseach arna bhunú faoi alt 46 d’Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011;

ciallaíonn “lia-chleachtóir cláraithe” lia-chleachtóir cláraithe de réir bhrí Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.

Cumhachtaí a bhaineann le daoine a bheidh ag teacht isteach sa Stát nó ag imeacht amach as an Stát

31. (1) Féadfaidh oifigeach custam, faoi réir *fho-alt (2)*, aon duine a bheidh ag teacht isteach sa Stát nó ag imeacht amach as an Stát a stopadh agus an duine sin a cheistiú—

- (a) maidir le teacht nó le himeacht an duine,
- (b) maidir le céannacht an duine, lena ghnátháit chónaithe nó lena gnátháit chónaithe agus lena sheoladh nó lena seoladh iarbhír nó beartaithe laistigh den Stát,
- (c) maidir le bagáiste an duine, agus
- (d) maidir le haon rud a bheidh sa bhagáiste sin nó á thabhairt leis nó léi ag an duine sin ar cibé slí ar bith,

agus féadfaidh an t-oifigeach aon bhagáiste nó aon rud den sórt sin a scrúdú.

(2) Ní fheidhmeofar an chumhacht a shonraítear i *bhfo-alt (1)* ach amháin i leith duine a bheidh ag teacht nó a airbheartóidh a bheith ag teacht ó Bhallstát eile nó a bheidh ag imeacht nó a airbheartóidh a bheith ag imeacht go dtí Ballstát eile, agus i gcás go mbeidh forais réasúnacha drochamhrais ag an oifigeach custam maidir leis an duine a bheidh ag teacht isteach sa Stát nó ag imeacht amach as an Stát—

- (a) go bhféadfadh sé nó sí a bheith ag gabháil—
 - (i) d'earraí neamh-Chomhphobail (lena n-áirítear aon earraí den sórt sin a iompraíodh trí Bhallstát amháin eile nó níos mó) a allmhairiú isteach sa Stát,
 - (ii) d'earraí a onnmhairiú ón gComhphobal, nó
 - (iii) d'iompar earraí atá faoi réir aon toirmeasc nó srian ar a n-allmhairiú nó a n-onnmhairiú,

nó
- (b) nach ó Bhallstát eile a tháinig sé nó sí nó nach go dtí Ballstát eile atá sé nó sí ag taisteal.

Cumhacht ghabhála

32. I gcás go mbeidh forais réasúnacha drochamhrais ar oifigeach custam go bhfuil cion á dhéanamh nó déanta ag duine—

- (a) faoi *alt 14* nó *15*, nó
- (b) faoi aon fhoráil den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 lena bhforáiltear gur cion é oifigeach custam a ionsaí,

féadfaidh an t-oifigeach sin an duine sin a ghabháil gan bharántas.

Cumhacht chun earraí agus córacha iompair a choinneáil

33. (1) I gcás go mbeidh forais réasúnacha drochamhrais ar oifigeach custam—

- (a) go bhfuil aon earraí á n-allmhairiú nó allmhairithe, nó
- (b) go bhfuil aon earraí á n-onnmhairiú, nó go mbeartaítear iad a onnmhairiú,

gan aon dleacht custam is iníoctha orthu a íoc nó de shárú ar aon toirmeasc nó srian ar a n-allmhairiú nó a n-onnmhairiú, féadfaidh an t-oifigeach na hearraí a choinneáil go dtí go mbeidh cibé scrúdú, fiosrúcháin nó imscrúduithe a mheasfaidh sé nó sí nó oifigeach eile is gá déanta d'fhonn a chinneadh chun sástacht ceachtar de na hoifigigh sin cibé acu a allmhairíodh nó nár allmhairíodh na hearraí, nó cibé acu a bhí nó nach raibh siad á n-onnmhairiú, nó cibé acu a beartaíodh iad a onnmhairiú nó nár beartaíodh iad a onnmhairiú.

- (2) I gcás go gcoinneoidh oifigeach aon earraí faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an t-oifigeach gach cóir iompair agus gach rud eile a úsáideadh chun iad a allmhairiú nó a onnmhairiú, de réir mar a bheidh, a choinneáil freisin.
- (3) I gcás go mbeidh cinneadh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* déanta i leith aon earraí, nó ar dhul in éag do thréimhse 30 lá ón dáta a coinníodh na hearraí sin, cibé acu is luaithe, déanfar na hearraí, mar aon le haon chóiracha iompair, nó aon rudaí a coinníodh ina dteannta faoi *fho-alt (2)*, a urghabháil mar earraí, córacha iompair nó rudaí a dhlífear a fhorghéilleadh faoi na hAchtanna Custam, nó scaoilfear leo, de réir mar is cuí.
- (4) I gcás go mbeidh forais réasúnacha drochamhrais ar oifigeach custam, maidir le haon earraí a bheidh á n-allmhairiú nó á n-onnmhairiú, gur earraí iad a bheidh ag teastáil mar fhianaise in aon imeachtaí coiriúla faoi aon achtachán seachas na hAchtanna Custam, féadfaidh an t-oifigeach na hearraí sin a choinneáil ar feadh cibé tréimhse ama is gá chun a chinneadh an bhfuil siad ag teastáil amhlaidh mar fhianaise agus féadfaidh sé nó sí na hearraí sin a chur faoi choimeád an Gharda Síochána nó údarás eile de réir mar is cuí chun críche na n-imeachtaí sin.

Cumhacht chun earraí agus córacha iompair a urghabháil

34. (1) Féadfaidh oifigeach custam aon earraí nó aon chóiracha iompair a dhlítear a fhorghéilleadh faoi na hAchtanna Custam a urghabháil.

- (2) Féadfar aon rud a choinneofar nó a urghabhfar faoi na hAchtanna Custam, i dteannta oifigeach do na Coimisinéirí é a choimeád go cuí, a choimeád freisin in aon áitreabh sábháilte nó áit shábháilte a ainmneoidh na Coimisinéirí chuige sin, agus féadfaidh na Coimisinéirí áitreabh nó áit atá faoi rialú duine atá faoi chonradh leo a ainmniú chuige sin.

Cumhacht chun déileáil le hurghabhálacha, roimh dhaoradh agus dá éis

35. (1) Féadfaidh na Coimisinéirí, dá rogha féin, aon rud arna urghabháil mar rud a dhlítear a fhorghéilleadh faoi na hAchtanna Custam a thabhairt ar ais.

- (2) Gan dochar *d'fho-alt (2)*, féadfaidh na Coimisinéirí, de réir mar is cuí leo, agus d'ainneoin nár daoradh an rud a urghabhadh go fóill, nó nár measadh go fóill é a bheith daortha, mar rud arna fhorghéilleadh—

- (a) más rud é go bhfuil fógra éilimh i ndáil leis an rud sin tugtha go cuí faoi *alt 19*, é a sheachadadh ar an éilitheoir ar cibé suim is cuí leo a íoc leo, ar suim í nach mó ná an tsuim arb ionannas di luach an ruda, lena n-áirítear aon cháin nó dleacht air a fágadh gan íoc, nó
- (b) más rud é, i dtuairim na gCoimisinéirí, gur rud de chineál meatach nó guaiseach an rud a urghabhadh, é a dhíol nó a dhíothú.
- (3) Más rud é, i gcás aon rud a sheachadadh, a dhíol nó a dhíothú faoi *fho-alt (2)*, go measfaidh an chúirt in imeachtaí daortha faoi *alt 20* nár dlíodh an rud sin a fhorghéilleadh tráth a urghabhála, tairgfídh na Coimisinéirí don éilitheoir sin ar é a éileamh, faoi réir aon asbhaint a lamháiltear faoi *fho-alt (4)*—
- (a) i gcás gur íoc an t-éilitheoir sin suim faoi *fho-alt (2)(a)*, méid atá comhionann leis an tsuim sin,
- (b) más rud é gur díoladh an rud faoi *fho-alt (2)(b)*, méid atá comhionann le fáiltais an díola, nó
- (c) más rud é gur díothaíodh an rud faoi *fho-alt (2)(b)*, méid a bhí comhionann le margadhluach an ruda tráth a urghabhála.
- (4) I gcás gur cuid den mhéid atá le tairiscint faoi *fho-alt (3)* aon suim ar chuntas d'aon dleacht nó cáin is inmhuirearaithe ar an rud nach mbeidh íoctha sula ndéanfar é a urghabháil, féadfaidh na Coimisinéirí cibé cuid den mhéid arb ionannas di an dleacht nó an cháin a bhaint as an méid.
- (5) Má ghlacann an t-éilitheoir le haon mhéid a thairgfear faoi *fho-alt (3)*, ní bheidh an t-éilitheoir sin i dteideal imeachtaí a shaothrú in aon chúirt ar chuntas urghabháil, dhíol nó dhíothú an ruda lena mbaineann.
- (6) Maidir leis na hearraí go léir a bheidh urghafa ag oifigeach custam mar earraí a dhlítear a fhorghéilleadh, déanfar, tar éis na hearraí sin a dhaoradh, iad a dhíol nó a dhíothú nó a dhiúscairt thairis sin ar cibé modh a ordóidh na Coimisinéirí.

CUID 5

RIARACHÁN

Dleachtanna custam

36. (1) Is faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí a bheidh na dleachtanna custam go léir agus is iad na Coimisinéirí an t-údarás custam chun críocha an Chóid Custam.
- (2) Féadfaidh na Coimisinéirí na gníomhartha go léir a dhéanamh a mheasfar is gá agus is fóirsteanach chun dleachtanna custam a chruinniú, a bhailiú agus a ghlacadh agus chun cuntas a thabhairt ina leith sa tslí a údaraítear dóibh chomh hiomlán dóthanach agus a údaraítear dóibh a dhéanamh i ndáil le haon dleachtanna agus cánacha eile faoina gcúram agus faoina mbainistiú.

Údaruithe**37. (1) Féadfaidh na Coimisinéirí—**

- (a) aon oifigeach de chuid na gCoimisinéirí a údarú chun bheith ina oifigeach custam nó ina hoifigeach custam, agus
- (b) cibé oifigh agus cibé daoine eile a údarú chun aon dleachtanna custam a bhailiú, a ghlacadh agus a bhainistiú agus chun cuntas a thabhairt ina leith agus chun feidhmeanna i dtaca le toirmisc agus srianta ar allmhairiú agus onnmhairiú earraí a chur chun feidhme agus maidir le haon fheidhm eile a mheasfaidh na Coimisinéirí is gá agus nach gceanglaítear ar údarás éigin eile a údarú,

agus beidh cumhacht ag sealbhóirí údaruithe den sórt sin dualgais a n-oifigí faoi seach a fheidhmiú i ngach cuid den Stát.

- (2) Leanfaidh gach údarú den sórt sin i bhfeidhm, d'ainneoin aon Choimisinéir d'fháil bháis nó do scor de bheith i seilbh oifige.
- (3) Féadfaidh na Coimisinéirí údarú arna dhéanamh faoin alt seo a chúlghairm.

Feidhmeanna a fheidhmiú

- 38. (1)** Aon ghníomh nó aon rud a gceanglaítear ar na Coimisinéirí é a dhéanamh nó a gceadaítear do na Coimisinéirí é a dhéanamh leis na hAchtanna Custam i ndáil le dleachtanna custam, féadfaidh aon Choimisinéir amháin é a dhéanamh.
- (2) Maidir le haon chumhacht, feidhm nó dualgas a thugtar do na Coimisinéirí nó a fhorchuirtear orthu leis na hAchtanna Custam (seachas faoi *alt 6, 39 agus 41*), féadfaidh oifigeach de chuid na gCoimisinéirí arna údarú nó arna húdarú acu i scríbhinn chun na críche sin í nó é a fheidhmiú nó a chomhlíonadh thar a gceann faoi réir stiúradh agus rialú na gCoimisinéirí.

Rialacháin

- 39. (1)** Féadfaidh na Coimisinéirí rialacháin a dhéanamh i ndáil le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas:
 - (a) dleachtanna custam a urrú, a íoc, a bhailiú, a loghadh nó a aisíoc;
 - (b) na nósanna imeachta a bhaineann le córacha iompair, le hearraí, le foireann agus le paisinéirí agus lena gcuid bagáiste ar iad do theacht isteach sa Stát nó d'imeacht amach as an Stát;
 - (c) aon cheann d'fhorálacha na nAchtanna Custam a chur chun feidhme—
 - (i) maidir le píblínite agus le hearraí a iompraítear i bpíblínite nó a scaoiltear amach astu nó isteach iontu,
 - (ii) maidir le cáblaí agus le leictreachas a tharchuirtear trí cháblaí den sórt sin, nó
 - (iii) maidir le postphaicéid i bpost trasteorann.

- (2) Féadfaidh an tAire, faoi réir *fho-alt (3)*, rialacháin a dhéanamh ina sonrú na rialuithe custam a mbeidh feidhm acu i ndáil le haon earraí a allmhairiú de thír isteach sa Stát nó a onnmhairiú de thír amach as an Stát, agus lena rialálfar go ginearálta, chun críocha custam, allmhairiú nó onnmhairiú den sórt sin.
- (3) Go háirithe, ach gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, féadfar le rialacháin faoin bhfo-alt sin—
- (a) gach ceann nó aon cheann d'fhorálacha na nAchtanna Custam a chur chun feidhme maidir le haon earraí a allmhairiú de thír isteach sa Stát nó a onnmhairiú de thír amach as an Stát, ach sin faoi réir cibé modhnuithe is cuí leis an Aire,
- (b) toirmeasc a chur le gach earra nó le haon aicmí earraí a allmhairiú de thír isteach sa Stát nó a onnmhairiú de thír amach as an Stát, ach amháin ar cibé bealaí laistigh den Stát nó ag cibé áiteanna ar an tírtheorainn, agus ar cibé laethanta agus le linn cibé uaireanta, a fhorordófar leis na rialacháin sin,
- (c) a cheangal ar aon duine a bheidh i bhfeighil aon traein nó feithicil a bheidh ag teacht de thír isteach sa Stát nó ag imeacht de thír amach as an Stát, an traein sin nó an feithicil sin a stopadh ag aon áit shonraithe, agus a cheadú d'oifigeach custam an traein sin nó an feithicil sin nó aon earraí i gceachtar díobh a scrúdú agus cuntas a ghlacadh maidir leis na hearraí sin,
- (d) a cheangal ar aon duine a bheidh i bhfeighil aon feithicil a bheidh ag taisteal tráth ar bith, laistigh de cibé limistéar a bheidh sonraithe, an feithicil sin a stopadh ar oifigeach custam á iarraidh sin agus a cheadú don oifigeach sin an feithicil sin agus aon earraí inti a scrúdú agus cuntas a ghlacadh maidir leis na hearraí sin, nó
- (e) a cheangal ar aon duine a bheidh i bhfeighil aon traein nó feithicil eile an traein nó an feithicil sin a stopadh agus freagraí a thabhairt ar na ceisteanna go léir a chuirfidh oifigeach custam air nó uirthi maidir lena thuras nó maidir lena turas, nó maidir le haon earraí a bheidh á n-iompar ar an traein nó san feithicil.
- (4) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin a dhéanfar faoin alt seo is dóigh leis na Coimisinéirí nó leis an Aire, de réir mar a bheidh, a bheith riachtanach chun lánéifeacht a thabhairt do na hAchtanna Custam.
- (5) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo, leagfar é faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an rialachán a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin sin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.
- (6) Aon duine a sháróidh foráil de rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo a ndeirtear sna rialacháin gur foráil phionósach í, beidh sé nó sí ciontach i gcion.
- (7) Aon duine a chiontófar i gcion faoin alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil €5,000 a chur air nó uirthi.
- (8) San alt seo—

ciallaíonn “cábala” cábla nó córas cáblaí, mar aon le haon ghaires nó oibreacha gaolmhara, a úsáidtear chun leictreachas a tharchur isteach sa Stát nó amach as an Stát;

ciallaíonn “píblíne” píopa nó córas píopaí, mar aon le haon ghaires nó oibreacha gaolmhara, a úsáidtear chun earraí a iompar isteach sa Stát nó amach as an Stát.

CUID 6

OIBLEAGÁIDÍ DE CHUID AE AGUS OIBLEAGÁIDÍ IDIRNÁISIÚNTA

Pionóis riaracháin mar gheall ar na hAchtanna Custam a shárú

40. (1) Aon duine—

- (a) a mhainneoidh dualgas, oibleagáid, ceanglas nó coinníoll a fhorchuirtear faoi na hAchtanna Custam agus a bhaineann le hAirteagal 38, 96 nó 101 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 an 12 Deireadh Fómhair, 1992⁵ ón gComhairle a chomhlíonadh, dlífear pionós €500 a chur air nó uirthi i leith gach mainneachtain den sórt sin,
- (b) a mhainneoidh dualgas, oibleagáid, ceanglas nó coinníoll a fhorchuirtear faoi na hAchtanna Custam agus a bhaineann le dearbhú a chomhlíonadh, ansin más rud é, maidir le gach mainneachtain den sórt sin—
 - (i) nach ndéanfaidh an duine an dearbhú, dlífear pionós €2,000 a chur air nó uirthi,
 - (ii) nach ndéanfaidh an duine an dearbhú laistigh den teorainn ama a shonraítear faoi na hAchtanna Custam, dlífear pionós €250 a chur air nó uirthi in aghaidh gach míosa nó cuid de mhí nach mbeidh an tuairisceán tugtha lena linn, faoi réir pionós uasta €2,000,
 - (iii) go ndéanfaidh an duine dearbhú mícheart nó neamhiomlán, dlífear pionós €100 a chur air nó uirthi,
 - (iv) go ndéanfaidh an duine dearbhú trí úsáid a bhaint as teicnócht sonra-phróiseála leictreonaí nuair nach mbeidh na doiciméid tacaíochta riachtanacha ina sheilbh nó ina seilbh, dlífear pionós €100 a chur air nó uirthi,

nó
- (c) a mhainneoidh dualgas, oibleagáid, ceanglas nó coinníoll a fhorchuirtear faoi na hAchtanna Custam agus a bhaineann le ní seachas na nithe a shonraítear i mír (a) nó (b) a chomhlíonadh, dlífear pionós €250 a chur air nó uirthi i leith gach mainneachtain den sórt sin.

- (2) Más rud é gur comhlacht daoine an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, agus go mainneoidh siad dualgas, oibleagáid, ceanglas nó coinníoll a fhorchuirtear faoi na hAchtanna Custam a chomhlíonadh, ansin dlífear pionós ar leithligh ina mbeidh méid a bheidh comhionann leis an méid a luaitear san fho-alt sin a chur ar an duine a ghníomhaíonn i gcáil rúnaí ar an gcomhlacht sin i leith gach mainneachtain den sórt sin.

⁵I.O. Uimh. L302, 19.10.1992, lch.1

- (3) Aon phionós is infoctha faoin alt seo, measfar gur fiach é a bheidh dlite don Aire chun sochair don Phríomh-Chiste agus beidh sé infoctha leis na Coimisinéirí.
- (4) Beidh feidhm ag Caibidil 3A (a cuireadh isteach le halt 98 den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2008) de Chuid 47 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 maidir le haon phionós is infoctha faoin alt seo agus ní bheidh feidhm ag *Cuid 7*.
- (5) Ní choiscfidh aon ní san alt seo aon chaingean nó imeachtaí eile a thionscnamh chun dleachtanna custam a bhailiú nó a ghnóthú.
- (6) San alt seo—

ciallaíonn “dearbhú” aon dearbhú, tuairisceán nó ráiteas a gceanglaítear ar dhuine é a dhéanamh de réir na nAchtanna Custam agus folaíonn sé dearbhú arna dhéanamh trí úsáid a bhaint as teicníocht sonra-phróiseála leictreonaí;

ciallaíonn “doiciméid tacaíochta” na doiciméid—

- (a) is gá faoi na hAchtanna Custam chun tacú le dearbhú, agus
- (b) i gcás gur trí úsáid a bhaint as teicníocht sonra-phróiseála leictreonaí a dhéanfar an dearbhú, a gceanglaítear ar an duine a bheidh ag déanamh an dearbhaithe iad a bheith ina sheilbh nó ina seilbh.

Coinbhinsiún Napoli II agus Cinneadh CIS

- 41.** (1) Faoi réir an Achta seo, leanfaidh Coinbhinsiún Napoli II, dar tugadh feidhm dlí sa Stát le halt 2 d’Acht 2001, d’fheidhm dlí a bheith aige sa Stát agus tabharfar aird bhreithiúnach air.
- (2) Ainmnítear na Coimisinéirí—
- (a) mar an t-údarás náisiúnta chun críocha Airteagail 7(1) agus 8(2) de Chinneadh CIS, agus
 - (b) mar an riarachán custam inniúil chun críocha Airteagal 10 de Chinneadh CIS.
- (3) Maidir leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí—
- (a) a ainmníodh le halt 6 d’Acht 2001 mar an t-údarás maoirseachta náisiúnta chun críocha Choinbhinsiún Napoli II, leanfaidh sé nó sí de bheith ainmnithe amhlaidh, agus
 - (b) ainmnítear é nó í mar an t-údarás maoirseachta náisiúnta chun críocha Airteagal 24 de Chinneadh CIS.
- (4) Chun críocha an Achta seo, Choinbhinsiún Napoli II agus Chinneadh CIS, beidh feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 agus beidh éifeacht leo, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le sonraí pearsanta a bhailiú, a phróiseáil, a choimeád, a úsáid nó a nochtadh.
- (5) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (4)*—
- (a) chun críocha Airteagal 30 de Chinneadh CIS, agus

(b) chun críocha Airteagal 25 de Choinbhinsiún Napoli II,

beidh feidhm ag alt 7 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988 maidir le dliteanas an Stáit i leith díobháil a bheidh déanta do dhuine tríd an CIS a úsáid sa Stát, agus i leith díobháil a bheidh déanta do duine trí shonraí a cuireadh i bhfios sa Stát a phróiseáil, faoi seach.

- (6) Faoi réir *fho-alt (7)*, ní bheidh an Stát faoi cheangal ag Airteagail 20, 21 agus 23 de Choinbhinsiún Napoli II ná ag aon chuid de na hAirteagail sin.
- (7) Féadfaidh an Rialtas, le hordú, foráil a dhéanamh go mbeidh an Stát faoi cheangal ag Airteagail 20, 21 nó 23 de Choinbhinsiún Napoli II nó ag aon chuid de na hAirteagail sin.
- (8) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun a chumasú lanéifeacht a bheith le Coinbhinsiún Napoli II agus le Cinneadh CIS.
- (9) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (8)*, féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin alt seo is dóigh leis an Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán sin.
- (10) (a) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (4)*, aon duine a úsáidfidh sonraí pearsanta ón gCóras Faisnéise Custam (CIS), seachas chun críche an chuspóra a shonraítear in Airteagal 1(2) de Chinneadh CIS—
- (i) más cás a bhfuil feidhm ag *mír (b)* maidir leis an cás, beidh sé nó sí ciontach i gcion faoi alt 19(6) den Acht um Chosaint Sonraí, 1988, nó
 - (ii) más cás a bhfuil feidhm ag *mír (c)* maidir leis an cás, beidh sé nó sí ciontach i gcion faoi alt 22(1) den Acht sin.
- (b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le cás—
- (i) inar rialaitheoir sonraí de réir bhrí an Achta um Chosaint Sonraí, 1988 an duine dá dtagraítear i *mír (a)* a bhfuil taifead maidir leis nó léi sa chlár arna bhunú agus arna chothabháil faoi alt 16 den Acht sin nó inar fostaí nó gníomhaire (seachas rialaitheoir sonraí de réir bhrí an Achta sin) de chuid rialaitheoir sonraí den sórt sin an duine, agus
 - (ii) ina ndéantar na sonraí a úsáid go feasach chun na críche dá dtagraítear i *mír (a)*.
- (c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le cás—
- (i) nach rialaitheoir sonraí an duine dá dtagraítear i *mír (a)*, nó nach fostaí ná gníomhaire de chuid rialaitheora sonraí, dá dtagraítear i *mír (b)(i)*, an duine, agus
 - (ii) ina mbaineann an úsáid a bhainfidh an duine as na sonraí le nochtadh na sonraí do dhuine eile.
- (11) Chun críocha Airteagal 26 de Choinbhinsiún Napoli II, leanfaidh mír (5)(a) den Airteagal sin d'fheidhm a bheith aici sa Stát.
- (12) (a) I gcás go ndéanfar dearbhú de bhun Airteagal 26(4) de Choinbhinsiún Napoli II ina sonrú go mbeidh feidhm ag mír (5)(b) den Airteagal sin sa Stát, féadfaidh

an tAire, le hordú, a dhearbhu go bhfuil an dearbhú (a mbeidh a théacs leagtha amach san ordú) déanta.

(b) Scoirfidh *fo-alt (11)* d'éifeacht a bheith leis ar thosach feidhme ordaithe arna dhéanamh faoi *mhír (a)*.

(13) Tabharfar aird bhreithiúnach ar aon rialú nó breith, nó nochtadh tuairime, ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar aon cheist maidir le brí nó le héifeacht aon fhorála de Choinbhinsiún Napoli II nó de Chinneadh CIS.

(14) I gcás go mbeartófar ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (7)* nó *(12)*, leagfar dréacht den ordú faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú mura mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(15) San alt seo—

ciallaíonn “Acht 2001” an tAcht Custam agus Máil (Cúnamh Frithpháirteach), 2001;

ciallaíonn “Cinneadh CIS” Cinneadh 2009/917/JHA an 30 Samhain 2009⁶ ón gComhairle maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críocha custam;

ciallaíonn “Córas Faisnéise Custam (CIS)” an comhchóras uathoibrithe chun críocha custam arna bhunú le hAirteagal 1 de Chinneadh CIS;

ciallaíonn “Coinbhinsiún Napoli II” an Coinbhinsiún um Chomhar Custam arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le cúnamh frithpháirteach agus comhar idir riaracháin custam, a rinneadh sa Bhruiséil an 18 Nollaig 1997.

Rialuithe maidir le hairgead tirim a bheidh ag teacht isteach san Aontas Eorpach nó ag imeacht amach as tríd an Stát

42. (1) Mar a fhoráiltear le hAirteagal 2 de Rialachán 2005, is iad na Coimisinéirí, mar an t-údarás custam sa Stát, an t-údarás inniúil chun an Rialachán sin a chur chun feidhme.

(2) Mar a fhoráiltear le hAirteagal 3 de Rialachán 2005, aon duine nádúrtha a bheidh ag teacht isteach san Aontas Eorpach nó ag imeacht amach as agus airgead tirim is fiú luach €10,000 nó níos mó leis nó léi, beidh sé nó sí faoi oibleagáid dearbhú a dhéanamh don údarás inniúil agus, chun na críche sin, déanfar an dearbhú i scríbhinn i cibé foirm agus ar cibé modh a chinnfidh na Coimisinéirí agus déanfar é do na Coimisinéirí i gcás an duine sin a bheith ag teacht isteach sa Chomhphobal nó ag imeacht amach as amhlaidh tríd an Stát.

(3) Féadfaidh oifigeach custam aon airgead tirim is fiú €10,000 ar a laghad agus a bheidh á allmhairiú isteach san Aontas Eorpach nó á onnmhairiú amach as tríd an Stát de shárú ar Rialachán 2005 agus ar an alt seo a urghabháil agus, de réir an ailt seo, a choinneáil.

(4) D'fhonn a sheiceáil an bhfuil an oibleagáid maidir le dearbhú a dhéanamh comhlíonta ag duine, ar theacht isteach san Aontas Eorpach nó ar imeacht amach as dó nó di, go bhfuil ina sheilbh nó ina seilbh airgead tirim is fiú €10,000 ar a

⁶I.O. Uimh. L323, 30.9.2009, lch.20

laghad, féadfaidh oifigeach custam ceann amháin nó níos mó de nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) an duine a cheistiú ar theacht isteach san Aontas Eorpach nó ar imeacht as tríd an Stát dó nó di chun a shuíomh cibé acu atá nó nach bhfuil ina sheilbh nó ina seilbh méid airgid thirim nach fiú €10,000 ar a laghad;
 - (b) cuardach a dhéanamh ar bhagáiste ar mhodh modh iompair an duine.
- (5) Más rud é, mar gheall ar aon fhreagra nó aon easpa freagra ar aon cheist arna cur faoi *fho-alt (4)(a)* nó mar gheall ar chuardach arna dhéanamh faoi *fho-alt (4)(b)*, nó mar gheall orthu araon, go mbeidh forais réasúnacha drochamhrais ag oifigeach custam—
- (a) go bhfuil an duine ag allmhairiú méid airgid thirim is fiú €10,000 ar a laghad isteach san Aontas Eorpach nó á onnmhairiú amach as tríd an Stát de shárú ar Rialachán 2005 agus ar an alt seo, nó
 - (b) go bhfuil ar intinn ag an duine nó go bhfuil an duine ar tí méid airgid thirim is fiú €10,000 ar a laghad a allmhairiú nó a onnmhairiú amhlaidh de shárú ar Rialachán 2005 agus ar an alt seo,

ansin féadfaidh an t-oifigeach cuardach a dhéanamh ar an duine nó a chur faoi deara go ndéanfaidh oifigeach custam eile cuardach air nó uirthi agus beidh feidhm ag *alt 30(2)*, (3), (4) agus (6) maidir le cuardach den sórt sin a dhéanamh faoin alt seo.

- (6) I gcás go mbeartófar duine a ionchúiseamh i gcion faoi *fho-alt (7)*, féadfar leanúint d'airgead tirim arna urghabháil de bhua an ailt seo a choinneáil go dtí go gcinnfear an t-ionchúiseamh go críochnaitheach.
- (7) Aon duine a mhainneoidh dearbhú ceart iomlán a dhéanamh mar a cheanglaítear le *fo-alt (2)*, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil €5,000 a chur air nó uirthi.
- (8) San alt seo, ciallaíonn “Rialachán 2005” Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 an 26 Deireadh Fómhair 2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷.
- (9) Aon fhocal nó abairt a úsáidtear san alt seo agus a úsáidtear freisin i Rialachán 2005, tá an bhrí chéanna leis nó léi san alt seo atá leis nó léi sa Rialachán sin.

An Coinbhinsiún ón gComhairle ar imréiteach custam láraithe

- 43.** (1) Beidh feidhm dlí sa Stát ag an gCoinbhinsiún agus tabharfar aird bhreithiúnach air.
- (2) Ainmnítear na Coimisinéirí mar na húdaráis custam údarúcháin nó na húdaráis custam chúnta, de réir mar a bheidh, chun críocha Airteagail 3, 4 agus 5 den Choinbhinsiún, agus comhlíonfaidh siad na hAirteagail sin.
 - (3) San alt seo, ciallaíonn “Coinbhinsiún” an Coinbhinsiún ón gComhairle ar imréiteach custam láraithe maidir le leithdháileadh na gcostas bailiúcháin náisiúnta a choinnítear agus acmhainní dílse traidisiúnta á gcur ar fáil do bhuiséad AE, a rinneadh sa Bhruiséil an 10 Márta 2009 (a bhfuil a théacs, sa Bhéarla, leagtha amach mar áis tagartha i *Scéideal 2*).

⁷I.O. Uimh. L309, 25.11.2005, lch.9

CUID 7

ACHOMHAIRC CUSTAM

Míithe**44.** Sa Chuid seo—

ciallaíonn “Coimisinéirí Achomhairc” daoine arna gceapadh faoi alt 850 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 chun bheith ina gCoimisinéirí Achomhairc chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim;

ciallaíonn “achomharcóir” duine a dhéanann achomharc chun na gCoimisinéirí nó chun na gCoimisinéirí Achomhairc, de réir mar a bheidh, faoi *alt 45* nó *47*;

ciallaíonn “breith” aon ghníomh oifigiúil de chuid na gCoimisinéirí nó de chuid oifigeach de chuid na gCoimisinéirí, ar gníomh é a mbeidh éifeacht dhlíthiúil aige ar dhuine sonrath nó insainaitheanta amháin nó níos mó agus ar gníomh é a bhaineann leis na hAchtanna Custam nó ar gníomh faoi na hAchtanna Custam é, lena n-áirítear rialú ar chás áirithe nó faisnéis cheangailteach de réir bhrí Airteagal 12 den Chód Custam, ach gan cinneadh ó na Coimisinéirí faoi *alt 46* a áireamh.

Achomharc chun na gCoimisinéirí

- 45.** (1) Aon duine a d’íoc dleacht ar allmhairí nó dleacht ar onnmhairí nó atá faoi dhliteanas dleacht ar allmhairí nó dleacht ar onnmhairí a íoc nó a bhfuil breith arna cur in iúl i scríbhinn dó nó di comhlíonta aige nó aici, nó a gceanglaítear air nó uirthi breith arna cur in iúl i scríbhinn dó nó di a chomhlíonadh, agus a gceanglaítear nó ar ceanglaíodh air nó uirthi méid dleachta den sórt sin a íoc nó atá faoi cheangal thairis sin ag breith den sórt sin, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí i gcoinne an dliteanais nó na breithe nó i gcoinne mhéid na dleachta sin nó i gcoinne an bhreith sin a chur i ngníomh.
- (2) Aon duine a d’éiligh loghadh nó aisíoc dleachta ar allmhairí nó dleachta ar onnmhairí, agus ar diúltaíodh an céanna dó nó di nó a fuair an céanna, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí i gcoinne na breithe lena mbaineann i leith an diúltaithe nó i gcoinne mhéid an aisíoca sin, nó i leith an diúltaithe nó i gcoinne mhéid an loghtha sin.
- (3) Aon duine a d’iarr ar na Coimisinéirí breith a thabhairt a bhaineann le feidhm na nAchtanna Custam agus nach bhfuair, de réir fhorálacha na nAchtanna sin, rialú ar an iarraidh sin, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí.
- (4) Is trí fhógra i scríbhinn a dhéanfar achomharc faoin alt seo agus—
- (a) sonrófar ann, go mionsonraithe, forais an achomhairc, agus
- (b) déanfar é a thaisceadh leis na Coimisinéirí laistigh de 30 lá ón dáta—
- (i) a rinne an duine íocaíocht de mhéid den dleacht ar allmhairí nó den dleacht ar onnmhairí lena mbaineann,
- (ii) a rinne na Coimisinéirí an bhreith a chur in iúl don duine de réir Airteagal 6(2) den Chód Custam,

- (iii) a d'iarr na Coimisinéirí ar an duine méid dleachta ar allmhairí nó méid dleachta ar onnmhairí a íoc nó breith a chomhlíonadh,
- (iv) a rinneadh méid dleachta ar allmhairí nó dleachta ar onnmhairí a loghadh nó a aisíoc,
- (v) a rinne na Coimisinéirí diúltú dleacht ar allmhairí nó dleacht ar onnmhairí a loghadh nó a aisíoc a chur in iúl don duine,

nó laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin a cheadóidh na Coimisinéirí.

Achomharc a chinneadh

46. (1) Is iad na Coimisinéirí a chinnfidh achomharc agus déanfar aon chinneadh den sórt sin, faoi réir *fho-alt (5)*, laistigh de 30 lá tar éis an fógra achomhairc a thaisceadh, mura bhfuil forais réasúnacha ann chun an tréimhse sin a fhadú, agus sa chás sin cuirfidh na Coimisinéirí an méid sin in iúl don achomharcóir roimh dhul in éag don tréimhse, agus luafar na cúiseanna atá le fadú na tréimhse agus léireofar an tréimhse bhreise ama a mheasfaidh siad is gá chun an t-achomharc a chinneadh.
- (2) Féadfaidh na Coimisinéirí duine amháin nó níos mó dá gcuid oifigeach (“oifigh ainmnithe”) a ainmniú chun feidhmeanna na gCoimisinéirí faoin alt seo a chomhlíonadh, ach ní dhéanfaidh ach oifigeach amháin den sórt sin aon achomharc áirithe a chinneadh.
- (3) Ní dhéanfaidh oifigeach ainmnithe achomharc a chinneadh i gcoinne breith arna tabhairt ag an oifigeach sin.
- (4) Déanfaidh na Coimisinéirí a gcinneadh ar achomharc agus na cúiseanna atá lena gcinneadh a chur in iúl don achomharcóir trí fhógra i scríbhinn.
- (5) Más rud é go mbeidh fógra achomhairc taiscthe leis na Coimisinéirí agus nach ndéanfar an t-achomharc a chinneadh laistigh den tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, measfar cinneadh a bheith déanta ag na Coimisinéirí ar an lá deiridh den tréimhse sin nár seasadh leis an achomharc, ach scoirfidh an meas sin d'éifeacht a bheith leis má dhéanann na Coimisinéirí cinneadh ina dhiaidh sin sula ndéanfaidh na Coimisinéirí Achomhairc cinneadh faoi *alt 47* i leith an ní lena mbaineann.

Coimisinéirí Achomhairc

47. (1) Féadfaidh aon duine arb éagóir leis nó léi cinneadh ó na Coimisinéirí faoi *alt 46* achomharc a dhéanamh chuig na Coimisinéirí i gcoinne an chinnidh, agus déanfaidh na Coimisinéirí Achomhairc an t-achomharc a éisteacht agus a chinneadh, agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte a bheidh ina gcinneadh, mura gceanglaítear cás a shonrú i ndáil leis chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil ar phonc dlí.
- (2) Is trí fhógra i scríbhinn a dhéanfar achomharc faoin alt seo agus—
- (a) sonrófar ann go mionsonraithe forais an achomhairc, agus
 - (b) déanfar é a thaisceadh leis na Coimisinéirí Achomhairc laistigh de 30 lá ón tráth a chuirfear an cinneadh lena mbaineann in iúl don achomharcóir.

- (3) Faoi réir an ailt seo, beidh feidhm ag Cuid 40 (seachas ailt 942 agus 943 agus, a mhéid a bhaineann sé leis na hait sin, alt 944) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le hachomhairc faoin alt seo mar atá feidhm aici maidir le hachomhairc faoin gCuid sin.

An éifeacht a bheidh ag taisceadh achomhairc ar bhreith lena mbaineann an t-achomharc

48. (1) Ní chuirfidh taisceadh fógra achomhairc faoi *alt 45* nó *47* faoi deara, go dtí go gcinneadh na Coimisinéirí nó, de réir mar a bheidh, na Coimisinéirí Achomhairc, achomharc, go bhfionrófar cur i ngníomh na breithe lena mbaineann an t-achomharc.
- (2) Déanfaidh na Coimisinéirí, áfach, cur i ngníomh breithe den sórt sin a fhionraí go hiomlán nó go páirteach i gcás go mbeidh forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhfuil an bhreith ar neamhréir leis na hAchtanna Custam nó gur dóigh gur thrúig cailteanais neamh-indeisithe don duine lena mbaineann breith den sórt sin a chur i ngníomh.
- (3) I gcás go gcuirfidh an bhreith lena mbaineann faoi deara go muirearófar dleachtanna ar allmhairí nó dleachtanna ar onnmhairí, beidh an fionraí ar chur i ngníomh na breithe faoi réir urrús a bheidh ann nó a sholáthar, de réir bhrí an Chóid Custam, murar dóigh go ndéanfaidh an ceanglas sin maidir le hurrús, de bharr imthosca an fhéichiúnaí, deacrachtaí airgeadais tromchúiseacha a chur air nó uirthi.
- (4) I gcás go mbeidh dliteanas i leith dleacht ar allmhairí nó dleacht ar onnmhairí nó comhlíonadh breithe ina ábhar d'imeachtaí coiriúla nó go mbeidh breith ar feitheamh i dtaobh an dtionscnófar imeachtaí coiriúla i leith an dliteanais nó an chomhlíonta sin, ansin ní fhéadfar achomharc a thionscnamh faoi *alt 45* nó *47*, i gcoinne an dliteanais nó an chomhlíonta sin nó i gcoinne mhéid na dleachta ar allmhairí nó na dleachta ar onnmhairí sin nó i gcoinne aon aisíoc nó loghadh i dtaca leis an dliteanas sin nó a lorgáitear ina leith go dtí go mbeidh cinneadh déanta i ndáil le haon imeachtaí coiriúla den sórt sin nó go dtí go ndéanfar breith a thabhairt go cuí gan imeachtaí coiriúla a thionscnamh.

Fógraí agus cinntí a sheirbheáil

- 49.— (1) Déanfar aon fhógra nó doiciméad eile a cheanglaítear a sheirbheáil ar na Coimisinéirí, lena n-áirítear fógra achomhairc faoi *alt 45* nó *47*, a dhíriú chuig na Coimisinéirí Ioncaim, Caisleán Bhaile Átha Cliath, i gcathair Bhaile Átha Cliath.
- (2) Féadfar fianaise *prima facie* i dtaobh aon fhógra nó cinneadh a thug na Coimisinéirí nó oifigeach de chuid na gCoimisinéirí faoi na hAchtanna Custam a thabhairt in aon imeachtaí trí dhoiciméad a thabhairt ar aird a airbheartóidh—
- (a) gur cóip den fhógra é, nó
- (b) má tá na sonraí a shonraítear san fhógra i dtaifead leictreonach nó fótagrafach nó i dtaifead eile atá a choimeád ag na Coimisinéirí, go n-atáirgeann sé na sonraí sin sa mhéid go mbaineann siad leis an bhfógra sin,

agus ní gá post oifigiúil an duine a n-airbheartófar gurb é nó í a thug an fógra nó, i gcás go mbeidh sé sínithe, an síniú a chruthú ná a chruthú go raibh údarás ag an duine a shínigh agus a thug é chun é sin a dhéanamh.

CUID 8

ILGHNÉITHEACH

Earraí a dtairmistear nó a sriantar a n-allmhairiú nó a n-onnmhairiú

50. Beidh earraí atá faoi réir aon toirmeasc nó srian ar allmhairiú nó onnmhairiú in aon achtachán ina n-earraí a dtairmistear nó a sriantar a n-allmhairiú nó a n-onnmhairiú, de réir mar a bheidh, chun críocha na nAchtanna Custam agus beidh feidhm ag forálacha na nAchtanna Custam dá réir.

Ús

51. I gcás nach n-íocfar amhlaidh aon dleachtanna custam a dhlífidh duine a íoc leis na Coimisinéirí, íocfaidh an duine ús simplí ar an méid leis na Coimisinéirí agus déanfar an t-ús sin a ríomh ón dáta a tháinig na dleachtanna custam chun bheith iníoctha agus de réir an ráta a shonraítear in alt 991(1)(d) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Leasú ar alt 1078 (Cionta ioncaim) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

52. Leasaítear Alt 1078 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, i bhfo-alt (2)—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

“(d) go n-eiseoidh sé nó sí nó go dtabharfaidh sé nó sí ar aird go feasach nó go toiliúil aon sonrasc, admháil nó ionstraim mhícheart nó aon doiciméad mícheart eile i dtaca le haon cháin nó i dtaca le haon earraí a allmhairiú isteach sa Stát nó a onnmhairiú as an Stát de shárú ar aon toirmeasc nó srian ar a n-allmhairiú nó ar a n-onnmhairiú a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire,”

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (j):

“(j) (i) a chuirfidh cosc nó bac, a dhéanfaidh ionsaí nó a chuirfidh isteach ar oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim nó ar aon oifigeach eile, i bhfeidhmiú nó i gcomhlíonadh cumhachtaí nó dualgas faoi na hAchtanna nó chun críche aon chánach nó i dtaca le haon earraí a allmhairiú isteach sa Stát nó a onnmhairiú as an Stát de shárú ar aon toirmeasc nó srian ar a n-allmhairiú nó ar a n-onnmhairiú a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire, nó

(ii) a fhéachfaidh ar aon slí le comhéigean nó le himeaglú a dhéanamh ar aon oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, nó ar aon duine eile i dtaca le comhlíonadh cumhachtaí nó dualgas faoi na hAchtanna.”

SCEIDEAL 1

Alt 3

AISGHAIRM AGUS CÚLGHAIRM

CUID 1

NA hACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

Ítim (1)	Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain (2)	Gearrtheideal (más ann) nó Ábhar (3)	Méid na hAisghairme (4)
1	1805 (45 Geo. 3, c.121)	<i>Smuggling Act</i> , 1805	An tAcht iomlán
2	1807 (47 Geo. 3 sess.2, c.66)	<i>Smuggling Act</i> , 1807	An tAcht iomlán
3	1808 (48 Geo. 3, c.84)	<i>Smuggling Act</i> , 1808	An tAcht iomlán
4	1809 (49 Geo. 3, c.62)	<i>Smuggling Act</i> , 1809	An tAcht iomlán
5	1819 (59 Geo. 3, c. 121)	<i>Smuggling Act</i> , 1819	An tAcht iomlán
6	1822 (3 Geo. 4, c. 110)	<i>Smuggling Act</i> , 1822	An tAcht iomlán
7	1849 (12 & 13 Vict., c.90)	<i>Customs Act</i> , 1849	An tAcht iomlán (Alt 43)
8	1853 (16 & 17 Vict., c.107)	<i>Customs Consolidation Act</i> , 1853	Alt 324 go 331
9	1876 (39 & 40 Vict., c.35)	<i>Custom Tariff Act</i> , 1876	An tAcht iomlán
10	1876 (39 & 40 Vict., c.36)	<i>Custom Consolidation Act</i> , 1876	An tAcht iomlán
11	1877 (40 & 41 Vict., c. 13)	<i>Customs, Inland Revenue and Savings Banks Act</i> , 1877	An tAcht iomlán
12	1878 (41 & 42 Vict., c.15)	<i>Customs and Inland Revenue Act</i> , 1878	Alt 4, Alt 5, Alt 6
13	1879 (42 & 43 Vict. c.21)	<i>Customs and Inland Revenue Act</i> , 1878	Alt 5, Alt 14
14	1881 (44 & 45 Vict., c. 30)	<i>Customs (Officers) Act</i> , 1881	An tAcht iomlán
15	1882 (45 & 46 Vict. c. 74)	<i>Post Office (Parcels) Act</i> , 1882	Alt 14
16	1883 (46 & 47 Vict., c. 10)	<i>Customs and Inland Revenue Act</i> , 1883	Alt 3
17	1883 (46 & 47 Vict., c. 55)	<i>Revenue Act</i> , 1883	Alt 3, Alt 4, Alt 5, Alt 6, Alt 7, Alt 8, Alt 9, Alt 11
18	1884 (47 & 48 Vict., c. 62)	<i>Revenue Act</i> , 1884	Alt 2, Alt 3, Alt 4, Alt 5
19	1887 (50 & 51 Vict., c7)	<i>Customs Consolidation Act 1876 Amendment Act</i> , 1887	An tAcht iomlán
20	1889 (52 & 53 Vict., c.42)	<i>Revenue Act</i> , 1889	Alt 2, Alt 3, Alt 4, Alt 6, Alt 8
21	1898 (61 & 62 Vict., c. 46)	<i>Revenue Act</i> , 1898	Alt 1, Alt 2, Alt 4, Alt 6
22	1909 (9 Edw.7, c.43)	<i>Revenue Act</i> , 1909	Alt 4
23	1914 (4 & 5 Geo. 5., c. 10)	<i>Finance Act</i> , 1914	Alt 1
24	Uimh. 28/1925	An tAcht Airgid, 1925	Alt 44
25	Uimh. 15/1933	An tAcht Airgid, 1933	Alt 33, Alt 35
26	Uimh. 31/1934	An tAcht Airgid, 1934	Alt 26, Alt 27
27	Uimh. 31/1936	An tAcht Airgid, 1936	Alt 19, Alt 20
28	Uimh. 25/1938	An tAcht Airgeadais, 1938	Alt 24, Alt 25
29	Uimh. 14/1940	An tAcht Airgeadais, 1940	Alt 22
30	Uimh. 21/1942	An tAcht Custam (Leasú), 1942	An tAcht iomlán
31	Uimh. 22/1942	Acht an Bhainc Cheannais, 1942	Alt 57

Ítim (1)	Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain (2)	Gearrtheideal (más ann) nó Ábhar (3)	Méid na hAisghairme (4)
32	Uimh. 16/1943	an tAcht Airgeadais, 1943	Alt 11
33	Uimh. 15/1946	An tAcht Airgeadais, 1946	Alt 15, Alt 16, Alt 19
34	Uimh. 14/1952	An tAcht Airgeadais, 1946	Alt 16
35	Uimh. 7/1956	An tAcht Custam, 1956	An tAcht iomlán
36	Uimh. 23/1963	An tAcht Airgeadais, 1963	Alt 31, Alt 34(1), Alt 34(2), Alt 34(3), Alt 34(4) "alt 186 den <i>Customs Consolidation Act</i> , 1876, faoi alt 3 den Acht Custam, 1956 , nó faoi aon achtachán de na hAchtanna Custam arna leasú le fo-alt (3) den alt seo, nó", a scriosadh, Alt 34(5), Alt 34(7), Alt 34(9), Alt 34(10), Alt 34(11)
37	Uimh. 17/1967	An tAcht Airgeadais, 1967	Alt 16, Alt 17
38	Uimh. 21/1969	An tAcht Airgeadais, 1969	Alt 40
39	Uimh. 23/1971	An tAcht Airgeadais, 1971	Alt 29
40	Uimh. 27/1974	An tAcht Airgeadais, 1974	Alt 76
41	Uimh. 16/1976	An tAcht Airgeadais, 1976	Alt 45
42	Uimh. 21/1978	An tAcht Airgeadais, 1978	Alt 29
43	Uimh. 15/1983	An tAcht Airgeadais, 1983	Alt 72
44	Uimh. 10/1988	An tAcht Custam agus Máil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1988	An tAcht iomlán
45	Uimh. 9/1992	An tAcht Airgeadais, 1992	Alt 162
46	Uimh. 22/1997	An tAcht Airgeadais, 1997	Alt 94
47	Uimh. 2/2001	An tAcht Custam agus Máil (Cúnamh Frithpháirteach), 2001	An tAcht iomlán
48	Uimh. 7/2001	An tAcht Airgeadais, 2001	Alt 177, Alt 178, Alt 179, Alt 180
49	Uimh. 3/2003	An tAcht Airgeadais, 2003	Alt 80
50	Uimh. 11/2007	An tAcht Airgeadais, 2007	Alt 127
51	Uimh. 5/2010	An tAcht Airgeadais, 2010	Alt 95, Alt 96
52	Uimh. 6/2011	An tAcht Airgeadais, 2011	Alt 54

CUID 2

NA hIONSTRAIMÍ REACHTÚLA A CHÚLGHAIRTEAR

Ítim (1)	I.R. Uimh agus Bliain (2)	Gearrtheideal (3)	Méid na Cúlghairme (4)
1	I.R. Uimh. 189 de 1964	Na Rialacháin Custam agus Máil (Aerárthaí), 1964	Na Rialacháin uile
2	I.R. Uimh. 143 de 1965	An tOrdú um Fhaoiseamh ó Dhleachtanna Custam (Aontaí , Taispeántais agus Imeachtaí dá Samhail), 1965	An tOrdú go léir
3	I.R. Uimh. 144 de 1965	An tOrdú um Fhaoiseamh ó Dhleachtanna Custam (Trealamh Gairmiúil), 1965	An tOrdú go léir
4	I.R. Uimh. 223 de 1965	An tOrdú um Fhaoiseamh ó Dhleachtanna Custam (Pacálacha), 1965	An tOrdú go léir

Ítim (1)	I.R. Uimh agus Bliain (2)	Gearrtheideal (3)	Méid na Cúlghairme (4)
5	I.R. Uimh. 131 de 1967	Na Rialacháin Chustam agus Máil (Aerárthai) (Leasú), 1967	Na Rialacháin uile
6	I.R. Uimh. 117 de 1968	Na Rialacháin Chustam (Tír-Theorainn), 1968	Na Rialacháin uile
7	I.R. Uimh. 334 de 1972	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Custaim), 1972	Rialacháin 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12
8	I.R. Uimh. 324 de 1978	Na Rialacháin Chustam (Tír-Theorainn), 1978	Na Rialacháin uile
9	I.R. Uimh. 211 de 1980	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Custaim) (Leasú), 1980	Na Rialacháin uile
10	I.R. Uimh. 202 de 1982	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Custaim) (Uimh. 2), 1982	Na Rialacháin uile
11	I.R. Uimh. 78 de 1983	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Custaim), 1983	Na Rialacháin uile
12	I.R. Uimh. 365 de 1984	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Custaim), 1984	Na Rialacháin uile
13	I.R. Uimh. 366 de 1984	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Custaim) (Uimh. 2), 1984	Na Rialacháin uile
14	I.R. Uimh. 299 de 1988	Na Rialacháin Chustam (Tír-Theorainn), 1988	Na Rialacháin uile
15	I.R. Uimh. 177 de 1989	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Custaim) (Ionstraimí Reachtúla a Chúlghairm), 1989	Na Rialacháin uile
16	I.R. Uimh. 57 de 1991	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Custaim agus Máil), 1991	Na Rialacháin uile
17	I.R. Uimh. 174 de 1991	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Custaim agus Máil) (Leasú) 1991	Na Rialacháin uile
18	I.R. Uimh. 368 de 1991	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Custaim agus Máil) (Leasú) (Uimh. 2), 1991	Na Rialacháin uile
19	I.R. Uimh. 431 de 1992	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Custaim) (Uimh. 2), 1992	Rialacháin 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 15, 16, 17
20	I.R. Uimh. 432 de 1992	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Custaim) (Uimh. 3), 1992	Na Rialacháin uile
21	I.R. Uimh. 433 de 1992	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Idirthuras Pobail), 1992	Na Rialacháin uile
22	I.R. Uimh. 61 de 1993	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Idirthuras carnet TIR agus carnet ATA), 1993	Na Rialacháin uile
23	I.R. Uimh. 355 de 1995	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Achomhairc Chustam), 1995	Na Rialacháin uile
24	I.R. Uimh. 114 de 1996	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dearbhuithe Custam), 1996	Na Rialacháin uile
25	I.R. Uimh. 254 de 2004	Na Rialacháin um an Acht Custam agus Máil (Cúnamh Frithpháirteach) 2001 (Alt 8) (Sonraí de Láimh a Chosaint), 2004	Na Rialacháin uile
26	I.R. Uimh. 281 de 2007	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialuithe ar Airgead Tirim ag Teacht Isteach sa Chomhphobal nó á Fhágáil), 2007	Na Rialacháin uile

SCEIDEAL 2

Alt 43

COINBHINSIÚN NA COMHAIRLE UM IMRÉITEACH LÁRAITHE CUSTAIM MAIDIR LE
LEITHDHÁILEADH NA gCOSTAS BAILIÚCHÁN NÁISIÚNTA A CHOINNÍTEAR AGUS ACMHAINNÍ
DÍLSE TRADISIÚNTA Á gCUR AR FÁIL DO BHUISÉAD AN AE

TÁ NA PÁIRTITHE CONARTHACHA, Ballstáit an Aontais Eorpaigh:

AG FÉACHAINT do Chinneadh 2007/436/CE, EURATOM ón gComhairle an 7 Meitheamh 2007⁸ maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal Eorpach (dá ngairfear “an Cinneadh” anseo feasta),

AG FÉACHAINT do Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1150/2000 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2000⁹ lena ndéantar an Cinneadh thuasluaite maidir le hacmhainní dílse a chur chun feidhme (dá ngairfear “an Rialachán” anseo feasta),

ÓS É A dTUAIRIM, go bhféadfaí, le himréiteach láraithe, agus simplithe eile ar fhoirmiúlachtaí custam, de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 an 23 Aibreán 2008¹⁰ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (dá ngairfear “an Cód Custaim Nuachóirithe” anseo feasta), dálaí a bheadh fabhrach don tráchtáil a chruthú,

DE BHRÍ go ndéantar leis an Údarú Aonair mar a shainmhínítear le hAirteagal 1(13) de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93¹¹ ón gCoimisiún é na buntáistí céanna a chur ar fáil don tréimhse go dtí go mbeidh an Cód Custaim Nuachóirithe tagtha chun bheith infheidhme,

AG FÉACHAINT DON ráiteas ón gComhairle an 25 Meitheamh 2007 maidir le costais bhailiúcháin dleachta a roinnt, maidir le CBL agus maidir le staidreamh faoin gcóras láraithe imréitigh agus don ráiteas ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2007 maidir le measúnacht ar fheidhmiú an chórais láraithe imréitigh,

AG CUR SAN ÁIREAMH Airteagal 17 agus Airteagal 120 den Chód Custaim Nuachóirithe lena bhforáiltear faoi seach d’aitheantas bhailíocht na gcinntí arna nglacadh ag na húdaráis chustaim ar fud an Chomhphobail agus d’fheidhm dhochloíte thorthaí na bhfíoruithe ar fud chríoch an Chomhphobail,

DE BHARR AN MÉID SEO A LEANAS:

- (1) Leis an mbainistiú ar imréiteach láraithe, a bhféadfar simpliú a dhéanamh ar na foirmiúlachtaí custaim ina theannta, i gcás ina ndearbhófar gur le haghaidh saorchúrsaíochta i mBallstát atá earraí ach go dtíolacfar don chustam i mBallstát eile iad, beidh caiteachas riaracháin i gceist sa dá Bhallstát. Is údar é seo le hathdháileadh páirteach a dhéanamh ar na costais bhailiúcháin a choinnítear agus acmhainní dílse traidisiúnta á gcur ar fáil don bhuiséad Comhphobail i gcomhréir leis an Rialachán.
- (2) Is éard a bheidh san athdháileadh sin, a dhéanfaidh an Páirtí Conarthach i gcás ina dtaiscfear an dearbhú custaim chun tairbhe don Pháirtí Conarthach

⁸I.O. Uimh. L163, 23.06.2007, lch.17

⁹I.O. Uimh. L130, 31.05.2000, lch.1

¹⁰I.O. Uimh. L145, 04.06.2008, lch.1

¹¹I.O. Uimh. L253, 11.10.1993, lch.1

inar tfolacadh na hearraí, 50 % san iomlán de na costais bhailiúcháin a coinníodh.

- (3) Caithfear nósanna imeachta sonracha a ghlacadh i bhfoirm Coinbhinsiúin idir na Páirtithe Conarthacha, má táthar le hathdháileadh na gcostas bailiúcháin a chur chun feidhme go rianúil.
- (4) Caithfidh na Páirtithe Conarthacha an Coinbhinsiún seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta agus lena nósanna imeachta náisiúnta faoi seach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CAIBIDIL I

RAON FEIDHME AGUS MÍNITHE

Airteagal 1

1. Sainítear leis an gCoinbhinsiún seo na nósanna imeachta maidir le costais bhailiúcháin a athdháileadh agus acmhainní dílse á gcur ar fáil do bhuiséad an AE, ar nósanna imeachta iad a leanfaidh na Páirtithe Conarthacha i gcás imréitigh láraithe mar a shainmhínítear le hAirteagal 106 den Chód Custaim Nuachóirithe é, i gcás ina ndearbhófar gur le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht i mBallstát atá earraí ach go dtíolacfar don chustam i mBallstát eile iad.
2. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 freisin nuair a bheidh coincheap an imréitigh láraithe ann i dteannta simplithe arna mbunú faoin gCód Custaim Nuachóirithe.
3. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 freisin maidir leis an Údarú Aonair mar a shainmhínítear in Airteagal 1(13) de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93¹², ón gCoimisiún é, le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht.

Airteagal 2

Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘údarú’ aon údarú arna eisiúint ag na húdaráis chustaim lena gceadaítear earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht san oifig chustaim atá freagrach as an áit ina bhfuil sealbhóir an údaráithe bunaithe, beag beann ar an oifig chustaim ina ndéantar na hearraí a thíolacadh;
- (b) ciallaíonn ‘na hÚdaráis Chustaim um Údarú’ Údaráis Chustaim an Bhallstáit rannpháirtigh a cheadaíonn na hearraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht san oifig chustaim atá freagrach as an áit ina bhfuil sealbhóir an údaráithe bunaithe, beag beann ar an oifig chustaim ina ndéantar na hearraí a thíolacadh;
- (c) ciallaíonn ‘na hÚdaráis Chustaim Chúnta’ Údaráis Chustaim an Bhallstáit rannpháirtigh a thugann cúnamh do na hÚdaráis Chustaim um Údarú agus maoirseacht á déanamh ar an nós imeachta agus i scaoileadh na n-earraí;

¹²I.O. Uimh. L253, 11.10.1993, lch.1

- (d) ciallaíonn ‘dleachtanna ar allmhairí’ dleachtanna custaim is iníoctha ar allmhairiú earraí;
- (e) ciallaíonn ‘costais bhailiúcháin’ na méideanna a údaraítear do na Ballstáit a choinneáil, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den Chinneadh nó i gcomhréir le foráil chomhréire d’aon chinneadh ina dhiaidh sin a fhéadfaidh a ionad a ghabháil.

CAIBIDIL II

NA COSTAIS BHAILIÚCHÁIN A CHINNEADH AGUS A ATHDHÁILEADH

Airteagal 3

1. Tabharfaidh Ballstát na nÚdarás Custaim um Údarú fógra do Bhallstát na nÚdarás Custaim Cúnta, trí mheán leictreonach nó, i gcás nach mbeidh sé sin ar fáil, trí aon mheán iomchuí eile, maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a bhaineann le méid na gcostas bailiúcháin a bheidh le hathdháileadh.
2. Cuirfidh na hÚdaráis Chustaim Chúnta an méid seo a leanas in iúl do na hÚdaráis Chustaim um Údarú:
 - (a) ainm agus seoladh an údaráis atá inniúil chun an fhaisnéis a fháil faoi mhír 1;
 - (b) tagairtí an chuntais bainc a n-íocfar méid na gcostas bailiúcháin a bheidh le hathdháileadh isteach ann.
3. Is í seo a leanas an fhaisnéis ábhartha dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) aithinteoir an údaraithe;
 - (b) an dáta a ndearnadh méid na n-acmhainní dílse a chur chun sochair cuntais i gcomhréir le hAirteagal 9 agus le hAirteagal 10 den Rialachán;
 - (c) méid na n-acmhainní dílse a cuireadh ar fáil, ag cur san áireamh aon aisíoc a d’fhéadfaí a dhéanamh ar dhleachtanna ar allmhairí nó aon ghnóthú iar-imrétigh a d’fhéadfaí a dhéanamh orthu;
 - (d) méid na gcostas bailiúcháin a coinníodh.

Airteagal 4

Is ionann méid na gcostas bailiúcháin a bheidh le hathdháileadh ag Ballstát na nÚdarás Custaim um Údarú ar Bhallstát na nÚdarás Custaim Cúnta agus caoga faoin gcéad (50 %) de mhéid na gcostas bailiúcháin a choinneofar.

Airteagal 5

1. An íocaíocht dá dtagraítear in Airteagal 4, déanfar í an mhí ar lena linn a dhéanfar méid na n-acmhainní dílse arna suíomh a chur chun sochair cuntais i gcomhréir le hAirteagal 9 agus le hAirteagal 10 den Rialachán.
2. Déanfar ús ar riaráistí a mhuirearú ar an méid dá dtagraítear i mír 1 ón dáta a rachaidh an tréimhse a forordaíodh in éag go dtí an dáta a ndéanfar an íocaíocht.

Is é an ráta úis ar fhiacha a bheidh ar an bhféichiúnaí a íoc ar riaráistí, suim an ráta úis a chuir an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm ar an bpríomhoibríocht

athairgeadaithe is deireanaí a rinne sé roimh an gcéad lá féilire den leathbhliain a bheidh i gceist (an ráta tagartha), móide dhá phointe céatadáin.

I gcás Ballstáit de chuid na nÚdarás Custaim um Údarú nach bhfuil rannpháirteach sa tríú céim den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, is é an ráta tagartha dá dtagraítear thuas an ráta coibhéiseach a bheidh leagtha síos ag a bhanc ceannais náisiúnta. Sa chás sin, beidh feidhm ar feadh na sé mhí ina dhiaidh sin ag an ráta tagartha a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den leathbhliain a bheidh i gceist.

CAIBIDIL III

DÍOSPÓIDÍ A RÉITEACH

Airteagal 6

Aon díospóid a bheidh ann idir na Páirtithe Conarthacha maidir le léiriú nó feidhmiú an Choinbhinsiúin seo, réiteofar, a mhéid is féidir, trí chaibidlíocht í. Mura dtiocfar ar réiteach laistigh de thrí mhí, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha lena mbaineann idirghabhálaí a roghnú, de thoil a chéile, chun an díospóid a réiteach.

CAIBIDIL IV

CUR CHUN FEIDHME AGUS FORÁLÁCHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 7

1. Feidhmeoidh Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh mar thaiscí an Choinbhinsiúin seo.
2. Féadfaidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh teacht chun bheith ina bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún seo trí ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasa nó aontachais a thaisceadh le hArdrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, a luaithe a chomhlíonfar na nósanna imeachta inmheánacha is gá chun an Choinbhinsiún seo a ghlacadh.
3. Tíocfaidh an Choinbhinsiún seo i bhfeidhm nócha lá tar éis don Bhallstát sínitheach deireanach a dhearbú go bhfuil na nósanna imeachta inmheánacha uile is gá chun an Choinbhinsiún seo a ghlacadh comhlíonta aige. Idir an dá linn, áfach, féadfaidh aon Bhallstát a mbeidh na nósanna imeachta sin comhlíonta aige a dhearbú go gcuirfidh sé an Choinbhinsiún i bhfeidhm ina chaidreamh leis na Ballstáit sin a mbeidh an dearbhú céanna déanta acu, maidir leis na forálacha lena mbaineann an Choinbhinsiún seo.
4. Cuirfear forálacha an Choinbhinsiúin seo in ionad na socrúithe riaracháin uile atá idir Bhallstáit a bhaineann le méideanna na gcostas bailiúcháin a athdháileadh i staideanna a thagann faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin seo, ón dáta a ndéanfar é a chur i bhfeidhm idir na Ballstáit lena mbaineann.

Airteagal 8

1. Féadfaidh aon Pháirtí Conarthach leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo a mholadh, go háirithe nuair a bheidh cailleanais mhóra bhuiséadacha i ndán don Pháirtí Conarthach de bharr an Choinbhinsiúin seo a bheith á chur i bhfeidhm. Aon leasú a mholfar, cuirfear chuig an taiscí dá dtagraítear in Airteagal 7 é agus cuirfidh seisean in iúl do na Páirtithe Conarthacha é.
2. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha na leasuithe a ghlacadh de thoil a chéile.

3. Maidir leis na leasuithe a ghlacfar i gcomhréir le mír 2, tiocfaidh siad i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 7.

Airteagal 9

Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha athbhreithniú ar an gCoinbhinsiún seo, tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis an dáta a gcuirfear an Cód Custaim Nuachóirithe i bhfeidhm agus, más gá, féadfar é a leasú ar bhonn an athbhreithnithe sin, i gcomhréir le hAirteagal 8.

Airteagal 10

1. Féadfaidh aon Pháirtí Conarthach an Coinbhinsiún seo a shéanadh ach fógra a thabhairt d'Ard-Rúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh.
2. Beidh éifeacht leis an séanadh nócha lá tar éis an dáta a bhfaighidh an tArd-Rúnaí fógra faoin séanadh.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gCoinbhinsiún seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an deichiú lá de Mhárta sa bhliain dhá mhíle is a naoi in aon scríbhinn bhunaidh amháin arna tarraingt suas sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag na téacsanna go léir, agus taiscfear an scríbhinn bhunaidh i gcartlann Ard-Rúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.